

Tá baol suntasach ann go measfaimis go bhfuil an obair curtha i gcrích agus go ligfimis ár maidí le sruth. Is léir go bhfuil a lán le déanamh againn os rud é go bhfaigheann níos mó na 6,000 duine bás gach bliain in Éirinn de bharr na ngalar a bhaineann le caitheamh tobac.

## An Oifig Um Rialú Tobac Tuarascáil Bhliantúil 2008



# Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh	4
Buaicphointí 2008	6
Feidhmeanna na hOifige um Rialú Tobac Cairt Eagrúcháin	7
Comhaltaí an Bhoird	8
<b>Cuspóir 1:</b> <b>Comhlíonadh</b> fhorálacha bainteacha an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2004 <b>a chinntiú</b>	10
<b>Objective 2:</b> <b>Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí</b> agus cabhrú léi i gcur i ngníomh polasaithe agus spriocanna an Rialtais maidir le rialú agus rialúchán táirgí tobac	17
<b>Cuspóir 3:</b> <b>Tabhairt faoi thaighde</b> mar thacaíocht do thionscnaimh um rialú tobac bunaithe ar fhianaise agus na torthaí a scaipeadh	21
<b>Cuspóir 4:</b> Na <b>buntáistí</b> a bhaineann le bogadh i dtreo sochaí saor ó thobac <b>a chur in iúl</b> go gníomhach	26
<b>Cuspóir 5:</b> Leanúint ag <b>forbairt éifeachtacht agus chumas na hOifige</b> agus a foirne chun a chinntiú go gcomhlíonann sí a feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil	30
Ráiteas Airgeadais 2008	34
Aguisín A: Treochtaí maidir le Caitheamh Toitíní amhail 31 Nollaig 2008	36
Aguisín B: Foilseacháin na hOifige um Rialú Tobac	40

## Ráiteas an Chathaoirligh



“Tá Éire amach chun tosaigh ar an domhan ar a lán bealaí agus í ag dul i ngleic le heipidéim an tobac. Beidh Éire amach chun tosaigh arís maidir le rialú tobac nuair a chuirfear deireadh le taispeáint agus fógraíocht tobac ag díolphointí.”

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige um Rialú Tobac 2008 a chur ar fáil. Thug an Bord tosaíocht i rith 2008 d’obair a thacóidh le cur i bhfeidhm fhorálacha breise na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 lena n-áirítear fógraíocht faoi thobac san ionad miondíola. Tugadh cosaint d’oibríthe ó thoit réchaite nuair a d’éirigh leis an rialtas reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac a thabhairt isteach, agus creidim féin go mbeidh tionchar fíorthábhachtach aici maidir lenár leanaí a chosaint ó fhógraíocht tobac nuair a chuirfear deireadh le fógraíocht um thobac san ionad miondíola.

Is léir ó thaighde a d’fhoilsigh an Oifig gur tosaigh tromlach mór de chaiteoirí tobac na hÉireann ag caitheamh tobac den chéad uair agus iad sna déaga. Nuair a ghabhann an druga nicitín greim ar dhuine is deacair éirí as. Dlúthchuid de shaol na hóige is ea an timpeallacht miondíola. Faoi mar atá an scéal faoi láthair tagann daoine óga i ngleic le rud ar a dtugann lucht margáíochta “powerwall” (balla cumhachta) fógraíochta tobac nuair a théann siad isteach in ionad miondíola. D’fhoilsigh an Oifig torthaí an iniúchta a rinneadh ar ionaid mhiondíola in 2008 agus léiríonn sé a fhorleithne is atá fógraíocht agus taispeántais tobac i siopaí ar fud na hÉireann. Léiríonn taighde a rinneadh thar lear go dtugann an fhógraíocht forleathan sna hionaid mhiondíola le fios go bhfuil tobac á chaitheamh i bhfad níos forleithne ná mar atá. Léiríonn an taighde freisin go bhfuil baint aige seo le daoine a spreagadh le tosú ag caitheamh tobac arís bíodh is gur éirigh leo éirí as a bheith ag caitheamh. Is dlúthchuid de shaol ár bpobal iad ár siopaí áitiúla, ár n-ollmhargaí agus ár réamhchúirteanna. Bíonn leanaí agus déagóirí ag tarraingt orthu gach lá agus ar na fáthanna thuas ní mór a chinntiú nach gcuirfear tobac ar taispeáint iontu is nach ndéanfar fógraíocht faoi.

Tá bearta reachtúla na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 ríthábhachtach agus, faoi mar a léirigh an taighde a rinne an Oifig, tá tacaíocht forleathan an phobail acu i gcónaí. Tá Éire amach chun tosaigh ar an domhan ar a lán bealaí agus í ag dul i ngleic le heipidéim an tobac. Beidh Éire amach chun tosaigh arís maidir le

rialú tobac nuair a chuirfear deireadh le taispeántas agus fógraíocht tobac ag díolphointí.

Ar a lán bealaí, tá deireadh a chur leis an bhfógraíocht seo ina chuid de chontanaim rialaithe. Cuireadh tús le srianta fógraíochta nuair a cuireadh cód deonach i bhfeidhm. Leanadh ar aghaidh uaidh sin le cosc a chur ar fhógraí tobac i bpictiúrlanna agus sna meáin agus anois táthar ag díriú ar an earnáil mhiondíola. Is í seo an áit dheireanach a ndéantar margaíocht ar thobac inti agus is ann a théann custaiméirí reatha agus custaiméirí féideartha, idir óg agus aosta, go rialta. Táim cinnte de go mbreathnóimid siar sna blianta atá romhainn agus go bhfeicimid gur pointe ríthábhachtach maidir le rialú tobac in Éirinn a bhí ann nuair a cuireadh deireadh le fógraíocht tobac sna hionaid mhiondíola.

Leanann duine as gach ceathrar in Éirinn orthu ag caitheamh tobac agus tosaíonn na céadta leanaí Éireannacha ag caitheamh tobac gach seachtain. Bíonn tionchar millteach aige seo orthu siúd nach n-éiríonn leo éirí as. Níor éirigh chomh maith le hÉirinn ó thaobh rátaí chaitheamh tobac a laghdú is a d'éirigh le roinnt tíortha a bhfuil dlíthe daingne acu um rialú tobac. Caithfidh aghaidh a thabhairt ar an gceist seo ar bhealach córasach straitéiseach.

Tá sé beagnach cúig bliana ó tugadh isteach reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac agus deich mbliain ó foilsíodh an beartas ceannródaíoch *I dTreo Sochaí Saor ó Thobac*. B'iontach an rath a bhí ar an obair, ó thaobh sláinte phoiblí de, nuair a cuireadh cuspóirí an pholasaí I dTreo Sochaí Saor ó Thobac i bhfeidhm mar ghníomh nua úrscothach. Tá an baol ann i gcónaí go measfaimid go bhfuil an obair curtha i gcrích agus go ligfimid ár maidí le sruth. Is léir go bhfuil a lán le déanamh againn ó fhaigheann 6,000 duine bás gach bliain in Éirinn de bharr na ngalar a bhaineann le caitheamh tobac. Ba mhaith liom a ímpí ar lucht déanta beartas agus ar an bpobal míochaine agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha an deis a chuireann comóradh na gclocha míle seo ar fáil a thapú le spreagadh nua a thabhairt dá n-iarrachtaí chun dul i ngleic le heipidéim an tobac in Éirinn.

Tugann an taighde forleathan a rinneadh in Éirinn agus thar lear agus an taithí atá ag daoine le fios dúinn cad is gá a dhéanamh. Chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte creat ar fáil le cabhrú le rialtais agus le dreamanna eile dul i ngleic le heipidéim an tobac. Cuimsíonn an creat seo monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an tobac agus ar chosc ar thobac, daoine a chosaint ó thoit tobac, tairiscint a dhéanamh cabhrú le daoine éirí as tobac a chaitheamh, foláirimh a thabhairt faoi dhainséir an tobac, cosc ar fhógraíocht, ar chur chun cinn agus ar urraíocht tobac a chur i bhfeidhm agus na cánacha ar thobac a mhéadú. Tugann an fhianaise idirnáisiúnta le fios go soiléir go n-éiríonn le tíortha rátaí caite tobac a íslíú má chuireann siad na beartais sin i bhfeidhm. Is féidir le hÉirinn, agus ní mór di, freagra cuimsitheach a thabhairt ar eipidéim an tobac. Leanfaidh an Oifig uirthi ag cabhrú lena cuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus ag obair lenár gcomhpháirtithe agus leanfaidh sí uirthi ag cur an chláir rialaithe tobac chun tosaigh.

Ba mhór a chuaigh tiomantas mo chomhghleacaithe ar an mBord, agus tiomantas Phríomhfeidhmeannach na hOifige Éamonn Rossi agus a fhoireann i gcionn orm ó ceapadh mé mar Chathaoirleach na hOifige i nDeireadh Fómhair 2008. Ba mhaith liom a ndúthracht agus an obair a rinne siad i gcomhar lena chéile a admháil. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do dhúthracht agus do thacaíocht an Aire Wallace agus a hoifigigh sa Roinn Sláinte agus Leanaí agus go mór mór do dhúthracht agus thacaíocht fhoireann an Aonaid um Rialú Tobac. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hOifigigh Shláinte Comhshaoil FSS as a gcomhoibriú agus a gcuidiú maidir leis an gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac. Táim ag súil go mór lenár sainordú a chomhlíonadh agus le comhoibriú lenár gcomhpháirtithe ar son na comhfíse atá againn go léir maidir le hÉire a bheith saor ó thobac.



**Norma Cronin**  
Cathaoirleach

## Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh



“Leanfaidh an Oifig uirthi ag tabhairt tús áite do dhaoine óga agus dhéagóirí a chosaint ó thobac..... Bheadh sé i bhfad níos deacra do dhaoine óga tobac a cheannach ó shiopaí agus ó mheaisíní díola, agus bheadh rátaí géilliúlachta i bhfad níos airde ann, má chuirtear clár forfheidhmithe i bhfeidhm ina leith agus má thugann miondíoltóirí freagracha agus an pobal i gcoitinne tacaíocht dó.”

Bhí an bhliain 2008 ina cloch mhíle i bhforbairt rialú tobac in Éirinn. I mí Iúil, d’fhógair an tAire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Wallace TD go dtabharfar feidhm d’fhorálacha breise na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 ar 1 Iúil 2009. I measc phríomhfhorálacha na reachtaíochta a thabharfar feidhm dóibh tá foráil le deireadh a chur le gach fógraíocht agus taispeántas d’ábhar tobac ag an díolphointe sa láthair miondíola, foráil faoi ghabhadáin/dáileoirí dúnta chun táirgí tobac a stóráil iontu agus foráil faoi smacht níos déine a bheith ann maidir le suíomh agus feidhmiú meaisíní díola tobac. Tá foráil sa reachtaíocht freisin do chlár miondíoltóirí tobac a thabhairt isteach. Cuid shuntasach d’obair na hOifige in 2008 ab ea an t-am a caitheadh ag ullmhú d’fhorfheidhmiú na bhforálacha reachtúla seo.

Chomhlíon an Oifig a dualgas reachtúil in 2008 maidir le comhordú a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac i ndlúthpháirtíocht le FSS. Áirítear leis seo monatóireacht agus forfheidhmiú reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac agus béim níos mó ar dhul i ngleic le tobac a dhíol le mionaoisigh. I measc bhuaicphointí an Chláir Náisiúnta Cigireachta Tobac i rith 2008 bhí:

- Rinne Oifigigh Shláinte Comhshaoil 25,350 cigireacht ar ionaid oibre ag féachaint an raibh siad saor ó thobac;
- Fuarthas amach go raibh 97% de na hionaid oibre a rinneadh iniúchadh orthu ag géilleadh d’Alt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004;
- Rinneadh 24 ionchúiseamh de bharr sárú ar reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac agus bhain 17 díobh siúd le háitribh cheadúnaithe;
- Rinne oifigigh shláinte chomhshaoil 690 cigireacht ar fud na tíre ó thaobh táirgí tobac a dhíol le mionaoisigh;
- Rinneadh 23 ionchúiseamh de bharr thobac a dhíol le mionaoisigh agus bhí 19 gciontú ann dá bharr.

Is mór an spreagadh dúinn na rátaí arda géilliúlachta atá ann i gcónaí maidir le hionaid oibre saor ó thobac. Léiríonn na rátaí seo an chosaint fhorleathan a tugtar d'oibrithe ó thoit réchaite agus an tacaíocht thréan a thugann an pobal do bhearta rialaithe tobac.

Ní mór a rá, áfach, gur léirigh an taighde a rinne an Oifig in 2007 agus a foilsíodh i dtuarascáil na bliana 2008 *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann* go mba chúis díomá iad na rátaí géilliúlachta leis an reachtaíocht maidir le tobac a dhíol le mionaosigh. Léirigh sé seo go raibh beagnach siopa amháin as gach dá cheann sásta tobac a dhíol le mionaosigh. Lena chois sin níor chuir dhá áitreabh ceadúnaithe as gach trí cinn cosc ar tobac a bheith á dhíol le mionaosigh ó mheaisíní díola.

Ní hamháin go ndearna an Oifig comhordú ar an gclár cigireachta um dhíolacháin le mionaosigh ach ghlac sí páirt i roinnt straitéisí i rith 2008 le dul i ngleic leis an bhfadhb thromchúiseach seo. D'oibrigh an Oifig le miondíoltóirí le dul i ngleic leis an gcultúr neamhghéillte a bhí ann agus rinneadh é sin ar leibhéal na siopaí áitiúla, na n-ollmhargaí, na réamhchúirteanna agus na ngaráistí. Cuireadh DVD oiliúna agus ábhar tacaíochta ar fáil agus scaipeadh iad ar mhiondíoltóirí ar fud na tíre. Cuireadh feachtas ar bun níos déanaí sa bhliain ar an raidió áitiúil agus ar an raidió náisiúnta ag tacú leis an teachtaireacht chuig miondíoltóirí, tábhairneoirí agus don phobal i gcoitinne nár chóir tobac a dhíol le mionaosigh, go bhfuil sé in aghaidh an dlí agus go ngearrfar pionóis ar dhaoine a chiontófar ina leith. Cuireadh leis an líne íosghlao géilliúlachta in 2008 le go bhféadfaí glaonna a dhéanamh faoi tobac a bheith á dhíol le mionaosigh.

Leanfaidh an Oifig uirthi ag tabhairt tús áite do dhaoine óga agus dhéagóirí a chosaint ó thobac. Léiríonn an taithe atá acu i dtíortha eile gur féidir rátaí géilliúlachta níos airde a bhaint amach maidir le tobac a dhíol le mionaosigh ná mar atá againn faoi láthair in Éirinn. Bheadh sé i bhfad níos deacra do dhaoine óga tobac a cheannach ó shiopaí agus ó mheaisíní díola, agus

bheadh rátaí géilliúlachta i bhfad níos airde ann, má chuirtear clár forfheidhmithe i bhfeidhm ina leith agus má thugann miondíoltóirí freagracha agus an pobal i gcoitinne tacaíocht dó.

D'fhógair an tAire Wallace go dtabharfar feidhm d'fhorálacha breise na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) i rith 2009 agus pléfidh sé sin ar bhealach cuimsitheach le tobac a dhíol agus a chur ar taispeáint san ionad miondíola agus beidh foráil ann do cheadúnú le haghaidh siopaí agus áitreabh ceadúnaithe a dhíolann tobac. Tabharfaidh na bearta reachtúla seo cosaint bhreise do dhaoine óga agus do leanaí in aghaidh mhargaíocht tobac. Tá mórchuid déanta maidir le rialú tobac in Éirinn. Táim féin, ár mBord, ár gcomhpháirtithe i rialú tobac agus foireann na hOifige seo ag súil go mór le cur leis an mbunsraith dhaingean seo nuair a chuirfear an reachtaíocht fhíorthábhachtach seo i bhfeidhm.



**Éamonn Rossi**  
Phríomh-Fheidhmeannach

## Buaicphointí 2008

Rinne Oifig Shláinte Comhshaoil cigireacht triailcheannaigh agus bhí 19 n-ionchúiseamh ann i leith díol do mhionaoisigh.

Dearadh clár cuimsitheach oiliúna triailcheannaigh dhá lá agus rinneadh é a sheachadadh chuig gach limistéar de chuid FSS.

D'fhoilsigh an oifig réimse acmhainní faisnéise do mhiondíoltóirí ag leagadh béime ar an dualgas atá orthu agus ar a gcuid foirne gan táirgí tobac a dhíol do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Ina measc siúd cuireadh DVD oiliúna ar fáil.

D'fhógair an tAire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Wallace TD go gcuirfeadh tús le forálacha breise na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 ar 1 Iúil 2009.

Fuarthas amach go raibh 97% de na hionaid oibre a rinneadh iniúchadh orthu mar chuid den Chlár Náisiúnta Cigireachta Tobac ag géilleadh d'Alt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

Rinneadh 24 ionchúiseamh de bharr neamhchomhlíonadh reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac. Bhí 19 ciontú ann dá bharr sin agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i 6 chás díobh.

Bronntar Bonn Tom Power go bliantúil in onóir tiomantas agus fíis iar-Phríomhfheidhmeannach na hOifige Tom Power nach maireann. Is é seo an tarna bliain agus bronnadh ar Valerie Coghlan ó ASH Ireland é agus ar bhaill na foirne um scor den tobac de chuid FSS Bhaile Átha Cliath/Lár-Laighean. Ba iad sin Marie Therese Crotty, Vincent Moran agus Mary Desmond.

Sheol an tAire Sláinte agus Leanaí an tUasal Mary Harney TD an tuarascáil taighde *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann* i Márta.



## Feidhmeanna na hOifige um Rialú Tobac

Is comhlacht reachtúil í an Oifig um Rialú Tobac a bunaíodh le polasaí an Rialtais um rialú tobac a chur i bhfeidhm faoi mar a tugadh cuntas air sa tuarascáil / dTreo Sochaí Saor ó Thobac a foilsíodh sa bhliain 2000.

Tá an Oifig tiomanta do thacú le polasaí an Rialtais um shochaí saor ó thobac a chur chun cinn trí na feidhmeanna a sannadh di faoin Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 a chomhlíonadh ar bhealach críochnúil neamhspleách.


Is féidir achoimre a thabhairt ar na feidhmeanna sin mar seo a leanas:

1. Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú leis nó léi polasaithe agus cuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil tháirgí tobac go ginearálta a chur i bhfeidhm;
2. Dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta cuí maidir lena bhfuil ag teacht chun cinn i gcúrsaí rialaithe tobac;

3. Comhairle a chur ar an Aire maidir le haon ghníomhartha breise ar cheart a dhéanamh chun caitheamh tobac nó na tionchair a bhíonn aige a laghdú nó a scriosadh;
4. Obair thaighde a eagrú agus torthaí na hoibre sin a scaipeadh;
5. Comhordú a dhéanamh ar chláir cigireachta náisiúnta i gcomhar leis na boird sláinte;
6. Comhairle a chur ar an Aire de réir mar is gá maidir le gníomhaíochtaí lucht an tionscail tobac i gcúrsaí táirgeachta agus margáíochta;
7. Aon fheidhm eile a dhéanamh d'fhéadfadh an tAire sannadh don Oifig ó am go ham.

Chomh maith leis sin, cuirfidh an Oifig um Rialú Tobac feidhmeanna sainiúla áirithe i gcrích ar nós clár áitreabh miondíola a choimeád agus tástáil géilliúlachta a dhéanamh i gcás táirgí tobac.

## Cairt Eagrúcháin



## Comhaltaí An Bhoird

Ba í an tAire Sláinte agus Leanaí an tUasal Mary Harney TD a cheap Bord reatha na hOifige um Rialú Tobac i Márta 2008. Is iomaí cúlra atá ag baill an Bhoird lena n-áirítear cúram sláinte, bainistiú seirbhísí sláinte, an saol acadúil agus eanáil na hóige.

Tá an tUasal Norma Cronin ina cathaoirleach ar an mBord. Tá sí ina Bainisteoir Cur Cothaithe Sláinte i Rialú Tobac le Cumann Ailse na hÉireann. Ceapadh mar chathaoirleach í i nDeireadh Fómhair 2008 in áit an Ollaimh Ken O'Byrne a d'éirigh as an mBord i mí Iúil.

I ndiaidh a cheapacháin, bhí cúig chruinniú ag an mBord le linn 2008.



**An tUasal Norma Cronin, Cathaoirleach**

Bainisteoir Cothaithe Sláinte, Rialú Tobac  
Cumann Ailse na hÉireann



**An tOllamh Shane Allwright**

Ollamh Comhlach, Eipidéimeolaíocht  
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



**An tUasal Nessa Childers**

Sícteiripeoir  
Iar-Chomhairleoir, Comhairle Contae  
Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



**An tOllamh Farrel Corcoran**

Ollamh le Cumarsáid  
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



**An tUasal Mary Cunningham**

Stiúrthóir  
Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann



**An Dochtúir Patrick Doorley**

Stiúrthóir Náisiúnta um Sláinte an Daonra  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



**An tUasal Dennis Drought**

Mac Léinn



**An tUasal Annette Fitzgerald**

Príomhoifigeach Sláinte Chomhshaoil  
FSS an Iarthair



**An tUasal Stephanie Kelly**

Mac Léinn



**An tUasal Owen Nulty**

Iar-Ard-Rúnaí  
an Cheardchumainn MANDATE



**An tOllamh Ken O'Byrne\***

Oinceolaí Comhairleach Míochaine  
Ospidéal San Séamas

*\*D'éirigh An tOllamh O'Byrne as an mBord i mí Iúil 2008*



**An tUasal Rosaleen O'Grady**

Bainisteoir Altra Cliniciúil Sinsearach,  
FSS an Iarthair  
Comhairleoir, Comhairle Baile Shligigh

# Cuspóir 1

**Comhlíonadh** fhorálacha  
bainteacha an Achta Sláinte Poiblí  
(Tobac), 2002 agus an Achta Sláinte  
Poiblí (Tobac), 2004 a **chinntiú**

**Tá sraith freagrachtaí ar an Oifig maidir le monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh le cinntiú go ngéilltear do na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004. Áirítear go sonrach i ról na hOifige:**

- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh i leith an Chláir Náisiúnta Cigireachta Tobac ó thaobh reachtaíocht na n-ionad Oibre Saor ó Thobac de;
- Gníomhú mar oifigeach údaraithe agus caingne dlí a thionscnamh de réir mar is gá;
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar na dualgais dhlíthiúla náisiúnta ar thionscal an tobac agus ar thionscail atá nasctha leis;
- Measúnú a dhéanamh ar na forálacha reatha agus molta maidir le rialú tobac agus moltaí a dhéanamh nuair is gá;
- Súil a choinneáil ar na forbairtí reachtóireachta agus dlíthíochta i dtíortha eile maidir le rialú tobac.

Tuairiscíodh arís in 2008 go raibh ardleibhéil ghéilliúlachta do reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac. Is fianaise bhreise atá sna figiúirí seo go bhfuil tacaíocht fhorleathan don bheart seo i measc an phobail. Coinníodh na rátaí arda géilliúlachta seo toisc go raibh na hOifigigh Shláinte Comhshaoil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) gníomhach á bhforfeidhmíú trí mheán an Chláir Náisiúnta Cigireachta Tobac. Bhí réimse gníomhaíochtaí ar siúl ag an Oifig i rith 2008 le tacú leis an gclár cigireachta chomh maith. Áirítear leo seo monatóireacht agus cur chun cinn na Líne Géilliúlachta Saor Ó Thobac.

Lena chois sin bhíodhas gníomhach agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le tobac a dhíol le mionaosigh mar chuid den Chlár Náisiúnta Cigireachta Tobac. Tá forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ag Oifigigh Sláinte Comhshaoil i gclár triailcheannaigh ar fud ceithre limistéar FSS. Má chuirtear an reachtaíocht i bhfeidhm go gníomhach cabhraíonn sé seo go mór le hiompar na miondíoltóirí a fheabhsú i leith na reachtaíochta ábhartha. Lena chois d'oibrigh an Oifig i gcomhar le La Touche Training chun clár oiliúna cuimsitheach um thriailcheannach a dheardh agus a sholáthar d'Oifigigh Shláinte Comhshaoil i rith 2008. D'oibrigh an Oifig i ndlúthpháirtíocht le hoifigigh na Roinne Sláinte agus Leanaí agus FSS i rith 2008 ag ullmhú chun bearta nua rialaithe tobac a thabhairt isteach. D'fhógair an tAire Stáit sa Roinn Sláinte agus

Leanaí, an tUasal Mary Wallace TD i rith 2008 go gcuirfead tús le forálacha breise na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) ar 1 Iúil 2009.

## **An Clár Náisiúnta Cigireachta Tobac**

Bhain mórchuid d'obair na hOifige i rith 2008 le deimhin a dhéanamh go rabhtas ag géilleadh do reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac. Chomhlíon an Oifig a dualgas reachtúil trí chomhordú a dhéanamh ar an Clár Náisiúnta Cigireachta Tobac i gcomhpháirtíocht le FSS. Is iad na hOifigigh Shláinte Comhshaoil na hoifigigh údaraithe faoi na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), agus tá sé de dhualgas orthu fiosrú a dhéanamh ar shárúithe na reachtaíochta agus tá ról rithábachtach acu maidir lena forfheidhmíú. Léiríonn anailís a rinneadh ar shonraí géilliúlachta na bliana 2008 go bhfuil rátaí arda géilliúlachta ann i gcónaí do reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac agus léiríonn sé go dtugann an pobal an-tacaíocht don bheart sláinte poiblí tábhachtach seo.

Cuireadh plean mór forfheidhmithe i bhfeidhm i rith 2008 faoin Clár Náisiúnta Cigireachta Tobac:

- Rinne na hOifigigh Shláinte Comhshaoil 25,350 cigireacht maidir le hionaid oibre saor ó thobac;
- Rinneadh 24 ionchúiseamh de bharr neamhghéilleadh do reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac. Bhí 19 gciontú ann dá bharr sin agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i 6 chás díobh;
- Tógadh 23 cás maidir le díolacháin le mionaosigh. Sna cásanna sin dhíol na háitribh mhiondíola toitíní do mhionaoiseach a thairg dá d(h)eoin féin iad a iarradh. Rinneadh 19 gciontú mar thoradh. Díbheadh ceithre chás agus cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i gcás amháin díobh;
- Próiseáladh 562 glaoch le linn 2008 de réir mar a leanadh ar aghaidh le feidhmíú agus monatóireacht inmheánach na Líne Géilliúlachta Saor Ó Thobac;
- D'fhreagair an t-aonad Géilliúlachta agus Forfheidhmithe breis agus 600 fiosrú faoin reachtaíocht rialaithe tobac agus faoi cheisteanna a bhaineann léi;
- Bhí an Oifig i mbun cumarsáide leanúnaí leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le rialú tobac agus forfheidhmíú na reachtaíochta. Bhí an chumarsáid agus an chomhairle dírithe ar chur i bhfeidhm

éifeachtach an Chláir Náisiúnta Cigireachta Tobac agus ar an obair ullmhúcháin atá riachtanach le haghaidh cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua i mí Iúil 2009.

Is iad torthaí foriomlána na sonraí ná go raibh leibhéil arda géilliúlachta náisiúnta ann i gcónaí i rith 2008. Fuarthas go raibh 97% de na háitribh a ndearnadh cigireacht orthu ó thaobh ionaid oibre saor ó thobac (Alt 47) ag géilleadh don reachtaíocht. Maidir le soláthar comharthaí 'Ná Caitear Tobac' (Alt 46) fuarthas go raibh ráta náisiúnta géilliúlachta de 90% ann.

## Cigireacht

Baineann na sonraí maidir le cigireacht um rialú tobac leis an gclár cigireachtaí arna chur i bhfeidhm ag gach limistéar de chuid FSS. Cuireadh an t-eolas seo i dtoll a chéile trí leas a bhaint as na prótacail náisiúnta faoin gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac.

Léiríonn Tábla 2 an céatadán de na cigireachtaí a rinneadh ar áitribh a bhí ag géilleadh don reachtaíocht ó thaobh ionaid oibre a bheith saor ó thobac agus na fógraí 'Ná Caitear Tobac' ar taispeáint iontu, agus é sin de réir limistéir FSS.

### Ionaid Oibre Saor ó Thobac - Cigireacht

Tá coimriú le fáil i dTábla 1 ar na sonraí maidir le cigireacht agus na leibhéil ghéilliúlachta maidir le hionaid oibre saor ó thobac.

**Tábla 1: Ionaid oibre saor ó thobac – Cigireacht de réir Cineáil Ghnó**

Cineál Gnó	Alt 47 - Caitheamh tobac			Alt 46 - Comharthaíocht		
	Cigireacht	Cigireachtaí Géilliúla	% na gCigireachtaí Géilliúla	Cigireacht	Cigireachtaí Géilliúla	% na gCigireachtaí Géilliúla
Óstán	1021	946	93%	1012	915	90%
Bialann	5834	5767	99%	5571	5082	91%
Áitreabh Ceadúnaithe	5106	4562	89%	4993	4514	90%
Eile	13389	13193	99%	13100	11818	90%
<b>Iomlán</b>	<b>25350</b>	<b>24468</b>	<b>97%</b>	<b>24676</b>	<b>22329</b>	<b>90%</b>

**Tábla 2: Ionaid Oibre Saor ó Thobac - Cigireacht de réir Limistéir FSS**

Limistéar FSS	Alt 47 - Caitheamh tobac			Alt 46 - Comharthaíocht		
	Cigireacht	Cigireachtaí Géilliúla	% na gCigireachtaí Géilliúla	Cigireacht	Cigireachtaí Géilliúla	% na gCigireachtaí Géilliúla
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	8756	8619	98%	8253	7595	92%
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	3249	3004	92%	3240	2889	89%
FSS an Deiscirt	3272	3076	94%	3171	2501	79%
FSS an Iarthair	10073	9769	97%	10012	9344	93%
<b>Iomlán</b>	<b>25350</b>	<b>24468</b>	<b>97%</b>	<b>24676</b>	<b>22329</b>	<b>90%</b>

### Díol le Mionaoisigh - Cigireacht

Chuir an tAire Sláinte agus Leanaí tús le hAlt 45 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 i mí Aibreáin 2007. Is coir é faoi Alt 45 toitiní nó táirgí tobac eile a dhíol le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Baineann na hOifigigh Shláinte Comhshaoil feidhm as triailcheannach chun an reachtaíocht seo a fhorfheidhmiú.

Rinne na hoifigigh sin 690 cigireacht triailcheannaigh i rith 2008. Rinneadh 684 cigireacht i rith 2007. Tá miondealú déanta ar shonraí na bliana 2008 de réir cineáil ghnó agus iad le fáil i dTábla 3 thíos.

Tá na sonraí cigireachta de réir limistéir FSS leagtha amach i dTábla 4 thíos.

Lena chois sin chuir an Oifig feachtas faisnéise ar siúl i mí na Samhna agus i mí na Nollag a bhí dírithe ar mhiondíoltóirí earraí tobac. Ba í aidhm an fheachtais ná a chur in iúl dóibh go raibh sé de dhualgas orthu gan táirgí tobac a dhíol le mionaoisigh. Thacaigh an feachtas le gníomhaíochtaí cigireachta FSS freisin.

### Ionchúisimh

#### Ionaid Oibre Saor ó Thobac - Ionchúisimh

Tá ról an-tábhachtach ar fad ag na hOifigigh Shláinte Comhshaoil faoin gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac maidir leis an rath atá ar reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac.

Rinne na hOifigigh Shláinte Comhshaoil deimhin de gur tionscnaíodh ionchúisimh sna Cúirteanna Dúiche nuair a bhí fianaise ann go raibh sárúithe suntasacha nó sárúithe leanúnacha á ndéanamh ar an reachtaíocht. D'éirigh le formhór mór na n-ionchúiseamh sin faoi mar a tharla sna blianta roimhe sin.

Tionscnaíodh 24 cás maidir le ciontuithe faoi alt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) le 12 mhí anuas. Bhí 19 gciontú ann de bharr na gcásanna sin. Cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm in dá chás díobh agus díbheadh cás amháin. Tá comparáid idir na sonraí bliantúla faoi ionchúisimh maidir le hionaid oibre saor ó thobac le fáil i dTábla 5.

**Tábla 3: Díol le mionaoisigh – Cigireacht de réir Cineáil Ghnó**

Cineál Gnó	Cigireacht	Cigireachtaí Géilliúla
Áitreabh miondíola	640	477
Áitreabh Ceadúnaithe	28	18
Óstán	21	16
Eile	1	1
<b>Iomlán</b>	<b>690</b>	<b>512</b>

**Tábla 4: Díol le Mionaoisigh – Cigireacht de réir Limistéir FSS**

Limistéar FSS	Cigireacht	Cigireachtaí Géilliúla
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	144	107
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	214	153
FSS an Deiscirt	104	78
FSS an Iarthair	228	174
<b>Iomlán</b>	<b>690</b>	<b>512</b>

**Tábla 5: Ionaid Oibre Saor ó Thobac – Ionchúisimh**

Bliain	Cásanna	Ciontuithe	Probation Act
<b>2008</b>	<b>24</b>	<b>19</b>	<b>6</b>
2007	43	47	2
2006	35	37	4
2005	39	45	3
2004	13	16	2

Tá cuntas i dTábla 6 ar líon na n-ionchúiseamh a rinne gach limistéar de FSS.

Léiríonn anailís ar 24 cás ón mbliain 2008 gur:

- Bhain 17 díobh le háitribh cheadúnaithe;
- Bhain 2 cheann le hóstáin;
- Bhain 3 cinn le cuideachtaí tacsáí;
- Bhain ceann amháin le hionad siopadóireachta;
- Bhain ceann amháin le háitreabh miondíola bia.

Léiríonn anailís ar na 19 gciontú gur:

- bhain 7 gcinn acu le caitheamh tobac a cheadú in ionaid chaite tobac lasmuigh nár ghéill don reachtaíocht;
- bhain 7 gcinn acu le caitheamh tobac a cheadú in áit shainithe eile;
- bhain 5 cinn acu le daoine ag caitheamh tobac in áit shannta.

Bhí comhoibriú an Gharda Síochána riachtanach i roinnt de na cásanna seo.

Lena cois sin rinne na cosantóirí achomharc in 2008 chun na Cúirte Cuarda maidir le dhá chás a ionchúisíodh go rathúil in 2007. Thacaigh an chúirt leis an achomharc i gcás amháin agus cuireadh an ciontú ar ceal. Cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm sa chás eile.

#### Díol le Mionaoisigh - Ionchúisimh

Tharla 19 gciontú sna Cúirteanna Dúiche faoi Alt 45 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 de thoradh an chláir chigireachta maidir le díolacháin le mionaoisigh. Cuireadh an Probation of Offenders Act i bhfeidhm i gcás amháin agus díbheadh ceithre cinn eile. Bhí 20 ciontú ann in 2007 agus díbheadh cúig chás.

Léirítear líon na n-ionchúiseamh a raibh rath orthu de réir limistéar FSS i dTábla 7.

Tógadh 23 cás san iomlán. Bhí 22 díobh in aghaidh ionad miondíola agus bhí ceann amháin acu in aghaidh stuara siamsa. Ba hiad úinéirí na n-áitreabh a ciontaíodh in 18 gcinn den 19 gciontú. Ba bhall foirne a ciontaíodh sa chás eile.

**Tábla 6: Ionaid Oibre Saor ó Thobac - Ionchúisimh de réir limistéir FSS**

Limistéar FSS	Cásanna	Ciontuíthe	Probation Act	Dífe
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	5	2	2	1
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	5	5	0	1
FSS an Deiscirt	6	3	3	0
FSS an Iarthair	8	9	1	0
<b>Iomlán</b>	<b>24</b>	<b>19</b>	<b>6</b>	<b>2</b>

**Tábla 7: Díolacháin le Mionaoisigh - Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche de réir limistéir FSS**

Limistéar FSS	Cásanna	Ciontuíthe	Probation Act	Dífe
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	5	5	0	0
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	1	1	0	1
FSS an Deiscirt	0	0	0	0
FSS an Iarthair	17	13	1	3
<b>Iomlán</b>	<b>23</b>	<b>19</b>	<b>1</b>	<b>4</b>



## Líne Géilliúlachta Saor Ó Thobac

Cuireann an Líne Géilliúlachta Saor Ó Thobac (íosghlao 1890 333 100) bealach éifeachtach ar fáil trínar féidir leis an bpobal gearáin a dhéanamh nó ábhair imní a chur in iúl. Is bealach é le tacú leis an gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac agus tá an líne seo tábhachtach ó thaobh ghéilliúlachta a chinntiú agus a choinneáil. Tá an líne seo ar fáil ó 29 Márta 2004 nuair a tugadh isteach reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac.

Rinneadh 557 gearán san iomlán chuig an líne géilliúlachta i rith 2008 faoi mar a léirítear i dTábla 8. Bhain 255 (45%) de na gearáin sin leis an earnáil fáilteachais agus bhain 234 díobh sin le háitribh ceadúnaithe. Bhain 93% de na glaonna le gearáin maidir le reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac. Bhain 6% de na gearáin le díolacháin le mionaoisigh. Rinneadh 642 gearán san iomlán ar an líne géilliúlachta i rith 2007.

## Fiosruithe ón bPobal

Mar aon le freagra a thabhairt ar na glaonna a fuarthas ar an Líne Géilliúlachta Saor Ó Thobac, thug aonad Géilliúlachta agus Forfheidhmithe na hOifige freagra ar bhreis agus 600 ceist faoin reachtaíocht um rialú tobac agus faoi ábhair a bhain léi, agus thug siad eolas d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do bhaill an phobail.

## Feidhm a Thabhairt d'Ailt Bhreise na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)

Tá foráil sna hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) faoi chosc cuimsitheach a chur ar gach fógraíocht tobac i dtimpeallachtaí miondíola. Beidh an cosc ar fhógraíocht tobac ag díolphointí miondíola i bhfeidhm ó 1 Iúil 2009 agus caithfear deireadh a chur le

taispeáint táirgí tobac. Tagann sé seo de thoradh ar fhógra a rinne an tUasal Mary Wallace TD, Aire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí faoi dháta tosaithe na bhforálacha ábhartha.

Mar thoradh ar sin ní cheadófar aon táirgí tobac a thaispeáint nó aon fhógraíocht fúthu in asraonta miondíola agus caithfear gach táirge den chineál sin a choinneáil i ngabhadán/ndáileoír dúnta. Lena chois sin ní cheadófar meaisíní díola féinriartha ach amháin in áitribh cheadúnaithe nó i gclubanna. Ní foláir go mbeidh sé riachtanach ceadchomhartha a úsáid chun na meaisíní a chur ag obair agus caithfear iad a chur in áit ina mbeidh ball foirne freagrach in ann iad a fheiceáil.

Lena chois sin in 2009 bheidh ar mhiondíoltóirí ar mhian leo táirgí tobac a dhíol i ndiaidh mhí Mheán Fómhair clárú leis an Oifig um Rialú Tobac. Bheidh an tréimhse clárúcháin ó Iúil go Meán Fómhair.

Rinne an Oifig a lán oibre ullmhúcháin i rith 2008 i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus FSS le haghaidh tosú na reachtaíochta ábhartha. Bhain a lán den obair seo le forbairt prótacal agus nósanna imeachta oiriúnacha a bheidh ag teastáil chun na hiarrachtaí forfheidhmithe a stiúradh. Léiríonn an ról ríthábhachtach a bhí ag Oifig Shláinte Comhshaoil maidir le hionaid oibre saor ó thobac a chur ar fáil go gcaithfear a bheith gníomhach ag forfheidhmiú na mbearta nua má tá siad le bheith rathúil.

## Oiliúint ar thriailcheannach d'Oifig Shláinte Comhshaoil

Lena chois sin d'oibrigh an Oifig i gcomhar le La Touche Training chun clár oiliúna cuimsitheach dhá lá um thriailcheannach d'Oifig Shláinte Comhshaoil a sholáthar i ngach limistéar FSS in 2008. Ghlac breis agus 150 ball den fhoireann forfheidhmithe páirt sa chúrsa.

Tábla 8: Líne Géilliúlachta Saor Ó Thobac - Méid Glaonna

Cineál Glao	Ean	Fea	Mar	Aib	Beal	Mei	Iúil	Lún	M. Fó	D. Fó	Sam	NoI	Iomlán
Gearáin	65	40	53	66	65	42	39	52	39	38	25	33	557
Pleidhciócht	0	2	1	0	0	0	0		0	0	1	1	5
<b>Iomlán na nGlaonna</b>	<b>65</b>	<b>42</b>	<b>54</b>	<b>66</b>	<b>65</b>	<b>42</b>	<b>39</b>	<b>52</b>	<b>39</b>	<b>38</b>	<b>26</b>	<b>34</b>	<b>562</b>

Forbraíodh an cúrsa mar thoradh ar breithiúnas fabhrach san Ard-Chúirt in 2006. Tugadh an breithiúnas seo i gcás comhairleach agus thug sé le fios nach raibh sé mídhleathach nó in aghaidh pholasaí poiblí go ndéanfadh oifigigh fhorfheidhmithe FSS triailcheannach a úsáid. Taobhaíodh leis an Oifig mar Amicus Curiae (cara na Cúirte) sa chás seo agus chuir sé fasach luachmhar ar fáil a thacaigh go mór leis an Oifig agus le FSS ina gcuid iarrachtaí ar fhorfheidhmiú.

Ba é an cuspóir a bhí le dearadh agus reáchtáil an chúrsa ná na scileanna agus an cumas a thabhairt don fhoireann forfheidhmithe ar fud na tíre chun cigireachtaí triailcheannaigh a dhéanamh. Dá thoradh sin, is féidir ionchúisithe de bharr dhíolacháin le mionaoisigh a chur i gcrích de réir na reachtaíochta agus de réir an chleachtais is fearr agus i gcomhréir le fasach sa réimse seo.

## **Bunachar Sonraí Náisiúnta Rialaithe Tobac FSS**

Lean an Oifig uirthi i rith 2008 ag cabhrú le Grúpa Stiúrtha Bhunachar Sonraí Náisiúnta Rialaithe FSS a bhfuil sé de thasc acu bunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le rialú tobac. Nuair a chríochnófar an bunachar seo beifear in ann é a úsáid chun faisnéis a fháil faoin gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac. Cabhróidh sé seo go mór chun polasaithe a fhoirmlíú agus tionscadail a chur i gcrích.

# Cuspóir 2

**Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cabhrú léi i gcur i ngníomh polasaithe agus spriocanna an Rialtais maidir le rialú agus rialúchán táirgí tobac**

**Ceann de phríomhdhualgais na hOifige um Rialú Tobac ná comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí i ndáil le húsáid tobac, na héifeachtaí ar dhaoine go ginearálta agus bearta a mholadh a laghdódh nó a chuirfeadh deireadh le caitheamh tobac agus na héifeachtaí ar an sochaí. Leathnaíonn an dualgas seo chun comhairle agus eolas a chur ar fáil don Rialtas i ndáil le rialú tobac chomh fada le hAírí agus údaráis ábhartha eile freisin, mar is cuí de réir na hOifige. Lena chois sin, tugann an Oifig comhairle don Aire agus don Roinn Sláinte agus Leanaí ar éifeachtacht na reachtaíochta um rialú tobac in Éirinn. Tá monatóireacht agus tuairisciú géilliúlachta leis an mbeart um ionad oibre saor ó thobac san áireamh tríd an gClár Náisiúnta Cigireachta Tobac.**

Tá freagracht ar leith ag an Oifig cuidiú leis an Aire le forfheidhmiú polasaithe agus spriocanna an Rialtais i ndáil le rialú táirgí tobac. Tá dualgas ar an Oifig comhairle a sholáthar ar iarratas i ndáil le:

- Déantúsaíocht, allmhairiú, díol nó soláthar agus caitheamh na dtáirgí tobac;
- Straitéisí úsáidte ag déantúsóirí, allmhaireoirí, dáileoirí nó miondíoltóirí na dtáirgí tobac;
- Teicneolaíocht úsáidte i ndéantúsaíocht, táirgeadh, margaíocht na dtáirgí tobac agus nuálaíochtaí gaolmhara sna cúrsaí seo.

## Comhairliúchán Leanúnach

Le linn 2008, chas ionadaithe ón Oifig le Mary Wallace Uas. TD, Aire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Tionóladh cruinnithe le hoifigigh ón Roinn Sláinte agus Leanaí ar bhonn leanúnach freisin. Bíonn ról tábhachtach ag comhairliúcháin mar seo i bhforbairt na bpolasaithe um rialú tobac agus bhí líon fógraí tábhachtacha ann le 12 mhí anuas maidir leis na cúrsaí seo.

## Méadú sa Dleacht Mháil ar Thobac

Chuir an Oifig fáilte roimh chinneadh an Rialtais, a d'fhógair an tAire Airgeadais, Brian Lenihan Uas. TD ina aitheasc Buiséid i nDeireadh Fómhair 2009, chun an praghas ar phaicead scór toitiní a mhéadú

de 50 cent. Cuireadh méadú de mhéideanna comhfhreagracha i bhfeidhm do tháirgí tobac eile. Seo an tríú ardú praghas sa Bhuiséad san achar ama céanna.

In aighneacht réamh-bhuiséid, ghlaigh an Oifig ar mhéadú suntasach i gcánacha tobac toisc go bhfuil tionchar féideartha ag arduithe praghas ar iompraíocht caitimh tobac, go háirithe in aoisghrúpaí níos óige. Tá daoine óga frithsheasmhach do theachtaireachtaí sláinte phoiblí go traidisiúnta agus dá bhrí sin an toisc is mó tionchair chun iompraíocht caitimh tobac a athrú ná praghas. Mhol an aighneacht laghdú CBL do tháirgí NRT freisin - cosúil le paistí nicitín agus ciste atá tiomanta do chothú na sláinte a bhunú. D'fhéadfaí seirbhísí scortha den tobac agus feachtais faisnéise in aghaidh tobac a mhaoiniú trí chiste mar seo - le béim áirithe ar cheantair agus óige faoi mhíbhuntáiste.

## Tús le hAilt Bhreise sna hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac)

I Márta 2008, d'fhoilsigh an Oifig an tuarascáil *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann*. Chomh maithe le leibhéal géilliúlachta a thomhas i measc miondíoltóirí i ndáil le reachtaíocht um dhíolacháin le mionaoisigh, rinne an tuarascáil scrúdú freisin ar leitheadúlacht na fógraíochta ag an díolphointe miondíola. Mar a bhaineann le fógraíocht ar an láthair, léirigh an tuarascáil go raibh foirm áirithe fógraíocht tobac ar taispeánt i 92% de shiopaí gur tugadh cuairt orthu, agus 9 as 10 siopa le droichead soilsihte a bhí brandáilte le táirgí tobac. Lena chois sin, bhí milseogra ar taispeánt ag 45% de shiopaí ar fad taobh leis an taispeánt tobac.

Ar an 9 Iúil 2008, d'fhógair an tAire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Wallace TD go gcuirfeadh tús le forálacha breise na nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004, ar an 1 Iúil 2009. Is iad na príomhforálacha a thiocfaidh i bhfeidhm ná:

- Cosc ar fhógraíocht uile na dtáirgí miondíola ar an láthair/ag an díolphointe;
- Cosc ar thaispeánt na dtáirgí tobac in áitreabh miondíola;
- Coimeádán dúnta / soláthar dáileora a thabhairt isteach;

- Srianta níos daingne ar shuíomh agus feidhmiú na meaisíní díola tobac;
- Clár miondíoltóirí tobac a thabhairt isteach.

Ón 1 Iúil 2009, ní cheadófar aon táirgí tobac a thaispeáint nó aon fhógraíocht fúthu in asraonta miondíola. Ní cheadófar meaisíní díola féinriartha ach amháin in áitribh ceadúnaithe nó i gclubanna cláraithe. Ní foláir gur gá ceadchomhartha a úsáid chun na meaisíní a chur ag obair agus caithfear iad a shuiteáil in áit a mbeidh ball freagrach foirne in ann iad a fheiceáil.

Ina fógra, shonraigh an tAire Wallace an ról atá ag taispeáint miondíola tobac atá feiceálach chun tomhaltas tobac a chothú. Shonraigh sí go gcbhraíonn suíomh taispeáint in aice le hearraí laethúla an tomhaltóra, cosúil le nuachtáin agus milseáin, breathnó ar thobac mar tháirge tomhaltóra neamhurchóideach eile. Rinne an tAire tagairt do thorthaí taighde a léiríonn go bhfuil fógraíocht tobac ag an díolphointe ina príomhfhachtóir maidir le daoine óga ag tosú agus ag leanúint ag caitheamh tobac. Chinn sí dá bhféadfaí daoine óga a chosc ó tháirgí tobac a cheannach, is lú seans gur andúiligh a bheadh iontu agus breoiteacht atá gaolmhar le caitheamh tobac a fhulaingt.

### Clárlann Miondíola

Déanann Alt 37 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 arna leasú ag Alt 8 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2004 foráil go ndéanfaidh an Oifig clárlann náisiúnta de mhiondíoltóirí tobac a bhunú agus a chothabháil. Mar atá fógartha ag an Aire i mí Iúil 2008, déanfar clárlann miondíola a thabhairt isteach ar an 1 Iúil 2009.

I rith 2008, chas Grúpa Stiúrtha na Clárlainne Miondíola roinnt babhtaí chun forbairt an chórais cláraithe miondíola a thabhairt chun cinn agus ullmhú leis an mbeart sin a thabhairt isteach. Chomh maithe le baill na hOifige, cuimsíonn an grúpa ionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanáí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

### Creat-Choinbhinsiún um Rialú Tobac

Díríonn Creat-Choinbhinsiún um Rialú Tobac na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar bhás agus galar a laghdú atá cruthaithe ag an eipidéim domhanda tobac.

Tionóladh an tríú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe don Chreat-Choinbhinsiún um Rialú Tobac ón 17 go dtí 22 Samhain 2008 in Durban na hAfraice Theas. Bhí breis agus 600 ionadaí ó 130 Páirtithe agus Breathnóirí rannpháirteach. Rinne an Roinn Sláinte agus Leanáí ionadaíocht ar son na hÉireann ag an ócáid.

I measc na dtreoirínte a glacadh ag an tríú seisiún ná cinn a bhain le forfheidhmiú Ailt 13 de Chreat-Choinbhinsiún um Rialú Tobac na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar *Tobacco Advertising, Promotion and Sponsorship (Fógraíocht, Cothú agus Urraíocht don Tobac)*. Molann na treoirínte seo cosc cuimsitheach a chur ar gach fógraíocht, cur chun cinn agus urraíocht tobac. Mar a bhaineann le taispeáint na dtáirgí tobac i dtimpeallacht miondíola, sonraíonn na treoirínte an méid a leanas:

- Is fógraíocht agus cur chun cinn ann féin iad miondíol agus taispeáint na dtáirgí tobac ag díolphointí;
- Is modh tábhachtach í taispeáint na dtáirgí chun táirgí tobac agus úsáid tobac a chur chun cinn. Tá spreagadh bíogcheannaigh na dtáirgí tobac i gceist san áireamh, a thugann le fios go bhfuil úsáid tobac inghlactha go sóisialta agus a dhéanann cúrsaí níos deacra d'úsáideoirí tobac atá ag éirí as;
- Tá daoine óga go háirithe goilliúnach d'éifeachtaí tionscnaimh na taispeána táirgí.

Ar an mbonn gur fógraíocht atá i gceist le taispeáint agus infheictheacht na dtáirgí tobac ag díolphointí, molann na treoirínte a bhaineann le forfheidhmiú Ailt 13 go soiléir "gur chóir cosc a chur" ar thaispeáint mar sin dá réir.

### Leitheadúlacht maidir le Caitheamh Tobac

I rith 2008, lean an Oifig lena gcuid monatóireachta ar leitheadúlacht agus iompraíocht caithimh tobac ar bhonn míosúil chun léargas mionsonraithe a fháil ar phatrúin caithimh tobac in Éirinn agus chun treochtaí a aithint sa phatrún seo. Déantar an t-eolas seo a sheoladh ar aghaidh chuig an Rialtas go leanúnach agus cabhraíonn sé le heolas a chur ar fáil do chinntí maidir le polasaí. Cuireann na sonraí bunús fianaise ar fáil leis na bearta cuí a fhorbairt chun sochaí saor ó thobac a bhaint amach.

## Rabhaidh Sláinte Téacs agus Grianghraf le Chéile

I mí Bealtaine 2008, d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Harney TD, cuspóir an Rialtais chun reachtaíocht a thabhairt isteach a cheadódh do rabhaidh sláinte téacs agus grianghraf le chéile. Tugann fianaise ó dhlínsí eile le fios, áit a bhfuil na rabhaidh sláinte seo i bhfeidhm cheana féin, go bhfuil téacs agus grianghraf le chéile níos éifeachtaí chun na tionchar sláinte a bhíonn ag caitheamh tobac a chur in iúl ná mar atá rabhaidh téacs astu féin.

Chuir an Coimisiún Eorpach in iúl sa 2001 Directive on the Manufacture, Presentation and Sale of Tobacco Products (Treoir ar Tháirgí Tobac a Tháirgeadh, a Chur i Láthair agus a Dhíol 2001) go nglacfaidís rialacha maidir le húsáid ghrianghraif daite chun iarmhairtí sláinte caithimh tobac a chur in iúl. Leagtar amach na forálacha seo i gCinntí an Choimisiúin ar úsáid ghrianghraif daite mar rabhaidh sláinte a ionchorpraíonn leabharlann íomhá.

I rith 2008, rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí taighde cáilíochtúil a chomhlíonadh chun freagairtí do rabhaidh sláinte pictiúir a thomhas agus chun na híomhánna is éifeachtaí le húsáid ar mhargadh na hÉireann a aithint. Tionóladh sraith d'ocht bpléghrúpaí chun na híomhánna éagsúla atá ar fáil do bhallstáit an AE a mheasúnú. Foilsíodh an 14 rabhadh molta ag na pléghrúpaí mar chuid d'fhógra an Aire i mí Bealtaine agus tá fáil orthu trí láithreán gréasáin na Roinne.

## Rabhaidh Sláinte Dhátheangacha

I mí Iúil 2008, shínigh an tAire Harney Ionstraim Reachtuil 255 / 2008 chun foráil a dhéanamh do rabhaidh sláinte dhátheangacha - a chuirfeadh Gaeilge agus Béarla araon ar tháirgí tobac a díoltar in Éirinn.

Ceadáíodh tréimhse 12 mhí ó 1 Deireadh Fómhair 2008 chun an stoc reatha ar an margadh a dhíol. Ó 1 Deireadh Fómhair 2009, beidh dualgas ann gach rabhadh sláinte a léiriú i nGaeilge agus i mBéarla.

## Tuarascáil Bhliantúil

D'ullmhaigh an Oifig a Tuarascáil Bhliantúil 2007 agus chuir sí faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí í de bhun fhorálacha Ailt 25 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Thug an tuarascáil cuntas ar phríomhghníomhaíochtaí na hOifige le linn 2007.

# Cuspóir 3

**Tabhairt faoi thaighde** mar thacaíocht do thionscnaimh um rialú tobac bunaithe ar fhianaise agus na torthaí a scaipeadh

**Tá bonn fianaise láidir de dhíth chun tacú le clár um rialú tobac agus chun polasaí sláinte poiblí atá éifeachtach a fhorbairt. Tá monatóireacht agus measúnú leanúnach neamhspleáiche riachtanach freisin chun éifeachtacht na mbeart reatha a mheasúnú, bearta nua a aithint le breithniú, agus úsáid is fear na n-acmhainní atá ar fáil a chinntiú. Dá réir sin, cuirtear béim shuntasach ar thaighde príomhúil agus tánaisteach laistigh de ghníomhaíochtaí na hOifige.**

Tá ceanglais dlíthiúla na hOifige i ndáil le gníomhaíochtaí taighde leagtha amach in Alt 10 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002:

- Comhlíonadh, urraíocht agus coimisiúnú taighde atá dírithe ar bhearta a aithint gur dócha a laghdóidh forleithne caithimh tobac nó a chuid éifeachtaí;
- Tuarascálacha taighde ábhartha a ullmhú agus a fhoilsiú.

Déanann an Oifig an fheidhm seo a chomhlíonadh ar mhórán bealaí. Chomh maith le tionscadail ar leith a choimisiúnú ó ghníomhaireachtaí speisialta taighde, rinneadh comhthionscnaimh speisialta a chur i gcrích le heagraíochtaí eile freisin chun déileáil le réimsí comhleasa. Leanann forbairt an chumais taighde trí líonraí roinnte mar thosaíocht na hOifige - ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Clár Taighde 2008

### Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann

Déanann an tuarascáil, *I dTreó Sochaí Saor ó Thobac* (2000), cur síos ar phlean gníomhaíochta náisiúnta chun dul i ngleic le húsáid tobac in Éirinn. Tá cosaint leanaí glactha ina pholasaí ag an Rialtas, trí phiocúlacht óige an chaithimh tobac a chosc a bheith mar chrann taca tábhachtach na tuarascála. Tá bunú agus cothabháil géilliúlachta le reachtaíocht um rialú tobac chomh tábhachtach céanna, agus bíonn acmhainní tiomanta agus tiomantas ag teastáil ó gach páirtí leasmhar.

Chun an críche sin, d'fhoilsigh an oifig an tuarascáil *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann* i Márta 2008.

- Chuir Cuid a hAon den tuarascáil torthaí i láthair ó iniúchadh neamhspleách ar 1,526 áitreabh miondíola agus ceadúnaithe in Éirinn a bhí stiúrtha ag TNS mri i rith an tsamhraidh 2007. Scrúdaigh an iniúchadh

feidhmíocht i ndáil le reachtaíocht um dhíolachán tobac le mionaoisigh mar atá leagtha amach sa Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Sonraíonn Alt 45 an Achta gur cion atá ann táirge tobac a dhíol le duine nach bhfuil 18 bliana d'aois. Soláthraíonn an suirbhé bonnlíne forléargas náisiúnta ar iompraíocht i measc miondíoltóirí tobac i ndáil leis an reachtaíocht um dhíolachán le mionaoisigh, agus tabharfaidh sé léargas luachmhara i bhforfheidhmiú cláir cuimsithigh um chosaint óige. Cuideoidh an breithmheas seo ar fheidhmíocht miondíoltóra tagarmharcanna a bhunú trínar féidir tomhas agus comparáid a dhéanamh ar dul chun cinn sa todhcháil.

Lena chois sin, thug an iniúchadh achoimre ar leibhéal na fógraíochta tobac atá le brath sa timpeallacht miondíola in Éirinn.

Is iad na príomhthorthaí ó Chuid a hAon na tuarascála, i ndáil le géilliúlacht miondíoltóirí leis an reachtaíocht um dhíol le mionaoisigh:

- Go náisiúnta, an céatadán miondíoltóirí a dhiúltaigh toitíní a dhíol le hóige faoi aois ná 52%;
- Diúltaíodh toitíní do 88% de leanaí 14 bliana d'aois, 68% de leanaí 15 bliana d'aois, 37% de leanaí 16 bliana d'aois agus 48% de leanaí 17 bliana d'aois;
- Bhí rátaí diúltaithe éagsúla ag brath ar an gcineál siopa, ag réimniú ó 46% do réamhchúirteanna/garáistí go dtí 61% do shiopaí ilghnéitheacha;
- Diúltaíodh an iarracht ceannaithe do 36% d'óige faoi aois in áitreabh ceadúnaithe - ráta níos ísle ná asraonta miondíola;
- Is cosúil go raibh leibhéal faireachais breise i gceist le meaisíní díola toitíní a oibrítear le ceadchomhartha. Bhí an ráta diúltaithe cothrom le 54% in áitribh leis na cineálacha meaisíní seo (bhí an líon samplála sách beag áfach) i gcomparáid le 32% in áitribh le meaisíní a oibrítear le boinn;
- Rinneadh cárta aitheantas a lorg ar 30% de mhionaoisigh a cheannaigh toitíní in áitribh cheadúnaithe i gcomparáid le 47% in asraonta miondíola;
- Bhí an comhghaolú idir thoilteanas na miondíoltóirí cárta aitheantais/aoise a lorg ag an diúltú díola le feiceáil go soiléir. Diúltaíodh díolachán toitíní do 91% de mhionaoisigh a iarradh cárta aitheantais orthu.



Mar a bhaineann le suíomh na fógraíochta tobac ag an díolphointe, seo a leanas na príomhthorthaí:

- Bhí foirm áirithe fógraíochta tobac ar taispeáint i 92% de shiopaí gur tugadh cuairt orthu, agus 9 as 10 siopa le droichead soilsithe a bhí brandáilte le táirgí tobac;
  - Leathnaigh 49% de shiopaí le droichid shoilsithe níos faide ná táirgí tobac agus bhí milseogra ar taispeáint faoi bhun fógraíochta tobac. Bhí milseogra ar taispeáint ag 45% de shiopaí ar fad go ndearnadh suirbhé orthu taobh leis an taispeáint tobac.
- Cuireann Cuid a Dó na tuarascála seo torthaí i láthair ó ollsuirbhé teileafóin de 1,034 duine atá ionadaíocht go náisiúnta agus stiúrtha ag an TNS mrobi i mí Lúnasa 2007. Thug an suirbhé sonraí cáilíochtúil in ndáil le barúlacha caiteoirí agus neamhchaiteoirí tobac, tuairimí agus iompraíochtaí atá gaolmhar leis an timpeallacht miondíola tobac.

Scrúdaigh an suirbhé tuairim an phobail ar ghníomhaíochtaí margaíochta an tionscail tobac i mbunáíochtaí miondíola agus sonraíodh réimse na tacaíocht poiblí d'athruithe i ndáil le miondíol tobac in Éirinn. Dírionn na hathruithe ar líon na ndaoine óga a chaitheann tobac a laghdú.

Is iad na príomhthorthaí i ndáil le barúlacha faoi fhógraíocht agus taispeáint sa timpeallacht miondíola ná:

- Chreid 73% de fhreagróirí, lena n-áirítear 67% de chaiteoirí tobac, go raibh suíomh na bpaicáit toitíní ar an mballa taobh thiar de chuntair siopaí cosúil le fógraíocht;
- Chreid 61% de fhreagróirí, lena n-áirítear 62% de chaiteoirí tobac, go raibh tionchar ag fógraíocht agus taispeáint tobac ar iompraíocht caitimh tobac na hóige, agus gur mó seans a bhí ann dá réir maidir le caitheamh tobac.

Nuair a iarradh faoi shrianta breise:

- Chreid 75% de fhreagróirí gur chóir go mbeadh srianta ar thaispeáint toitíní i siopaí miondíola;
- Thacaigh 78% de fhreagróirí, lena n-áirítear 80% de chaiteoirí tobac, le cosc iomlán ar fhógraíocht tobac sna siopaí chun cosc a chur le daoine óga caitheamh tobac;

- Chreid ocht as deich duine, lena n-áirítear tromlach na gcaiteoirí tobac, gur chóir go mbeadh bunáíochtaí a dhíolann toitíní a bheith ceadúnaithe.

I rith an tsamhraidh 2008, rinneadh an Oifig TNS mrobi a choimisiúnú chun Cuid a hAon de thuarascáil timpeallacht miondíola na hÉireann. Déanfar torthaí ón gcéim thuarascáil monatóireachta a fhoilsiú go luath in 2009 agus déanfar comparáid leis na torthaí bonnlíne ó 2007. Dá réir sin, déanfaidh an staidéar measúnú ar réimse athraithe na leibhéal géilliúlachta leis an reachtaíocht um dhíolachán le mionaíochtaí, chomh maith leis na hathruithe sna leibhéal fógraíochta tobac ag díolphointí.

### Rabhaidh Ghrafacha

I láthair na huair, caithfidh táirgí tobac a dhíolair in Éirinn rabhaidh sláinte téacs-bhunaithe a léiriú. I mí Bealtaine 2008, d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Harney TD, cuspóir an Rialtais chun reachtaíocht a thabhairt isteach a cheadódh do rabhaidh sláinte comhcheangailte téacs agus grianghraf.

Tugann fianaise ó dhlínsí eile le fios, áit a bhfuil rabhaidh sláinte cheana féin i bhfeidhm, go bhfuil téacs agus grianghraif comhcheangailte níos éifeachtaí chun na héifeachtaí sláinte caitimh tobac a chur in iúl ná mar atá rabhaidh téacs astu féin. Ina theannta sin, is féidir le rabhaidh comhcheangailte téacs agus grianghraf ról a bheith acu chun cabhrú le caiteoirí tobac éirí as.

Chuir an Coimisiún Eorpach in iúl sa 2001 Directive on the Manufacture, Presentation and Sale of Tobacco Products (Treoir um Tháirgí Tobac a Tháirgeadh, a Chur i Láthair agus a Dhíol 2001) go nglacfaidís rialacha maidir le húsáid ghrianghraif daite chun iarmhairtí sláinte caitimh tobac a chur in iúl. Leagtar amach na forálacha seo i gCinntí an Choimisiúin ar úsáid ghrianghraf daite mar rabhaidh sláinte a ionchorpraíonn leabharlann íomhá. Cuimsíonn an leabharlann íomhá de 42 rabhadh pictiúir féideartha. Tá na híomhánna bunaithe ar rabhaidh sláinte téacs reatha atá léirithe ar chúl na dtáirgí tobac. Cé go bhfuil 14 rabhadh téacs mar seo, cuimsíonn an leabharlann íomhá sraith de trí rabhadh pictiúir do gach teachtaireacht scríofa .i. 14 sraith de trí rabhadh pictiúir. Caithfidh gach ballstát ata cinnte ar rabhaidh comhcheangailte a thabhairt isteach rabhadh pictiúir amháin a roghnú ó gach ceann den 14 sraith.

Ar son na Roinne Sláinte agus Leanaí, rinne an Oifig taighde cáilíochtúil a chomhlíonadh chun freagairtí do rabhaidh sláinte pictiúir a thomhas agus chun na híomhánna is éifeachtaí do gach ceann den 14 sraith atá le húsáid ar mhargadh na hÉireann a aithint. Chun na spriocanna taighde a bhaint amach, fostaíodh TNS mrbi chun sraith d'ocht bpléghrúpaí cáilíochtúla a stiúradh i measc caiteoirí tobac rialta. Roghnaíodh rannpháirtithe ar bhonn aoise, aicme socheacnamaíochta agus barúlacha ar chaitheamh tobac.

Foilsíodh an 14 rabhadh molta ag na pléghrúpaí mar chuid d'fhógra an Aire i mí Bealtaine faoi chuspóir an Rialtais chun reachtaíocht a thabhairt isteach a cheadódh do rabhaidh sláinte comhcheangailte téacs agus grianghraf. Is féidir na rabhaidh roghnaithe a rochtain trí láithreán gréasáin na Roinne.

### **Ionaid Oibre Saor ó Thobac**

Rinne an Oifig athbhreithniú in athuair ar thaithí an phobail ar an reachtaíocht saor ó thobac a tugadh isteach in 2004. Stiúradh TNS mrbi an suirbhé i mí na Nollag ag baint leasa as Phonebus® ó shampla ionadaíoch náisiúnta de 1,000 duine. Sonraíonn na torthaí:

- Tuairiscíonn 96% d'oibrithe laistigh nach bhfuil "deatach" sa timpeallacht oibre;
- Dhearbhaigh 96% de dhaoine a thug cuairt ar bheár nó teach tábhairne nach raibh "deatach" san atmaisféar ar an láthair.

### **Iompraíocht Aistrithe Branda**

Baillíodh sonraí ar iompraíocht aistrithe branda trí Phonebus® freisin i míonna na Samhna agus na Nollag. Léirigh na torthaí nár athraigh 88% de chaiteoirí tobac a mbranda toitíní is coitianta sa 12 mhí roimhe sin.

### **Treochtaí i Leitheadúlacht Caithimh Tobac - Suirbhé Rianaithe**

Déanann an Oifig monatóireacht ar leitheadúlacht agus iompraíocht caithimh tobac ar bhonn míosúil chun léargas mionsonraithe a fháil ar phatrúin caithimh tobac in Éirinn. Cuireadh tús leis an rianaire míosúil i mí Lúnasa 2002, a dhéanann TNS mrbi a thiomsú. Tá

na sonraí tuairiscithe go háirithe úsáideach chun eolas a chur ar fáil do chinntí polasaí agus bunús fianaise a thabhairt leis na bearta cuí a fhorbairt chun sochaí saor ó thobac a bhaint amach.

Tiomsaithe ó shuirbhé teileafóin, cuimsíonn an tacar sonraí de bhailiúchán 1,000 freagra in aghaidh na míosa ó dhaonra na hÉireann os cionn 15 bliana d'aois agus tá sé ionadaíoch go náisiúnta i dtéarmaí inscne, aoise, aicme sóisialta agus réigiúin. Déantar anailís ar leitheadúlacht caithimh tobac sna réimsí déimeagrafaíochta seo chun breis tuisceana a fháil ar iompraíocht caithimh tobac agus treochtaí na hiompraíochta sin. Cuirtear sonraí faoi thomhaltas toitíní agus rogha branda i láthair freisin.

Lena chois sin, roinneann an Oifig na sonraí leitheadúlachta míosúla seo le taighdeoirí agus eagraíochtaí eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta - chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairtí um rialú tobac agus chun cabhrú le tionscadail taighde acadúla.

### **Athruithe Modheolaíochta**

Rinneadh teagmháil leis na freagróirí uile trí theileafón líne talún roimh Bhealtaine 2008. I mí Bealtaine 2008, thosaigh TNS mrbi ag baint leasa as meascán d'uimhreacha línte talún agus fóin phóca chun na hathruithe suntasacha teicneolaíochta agus déimeagrafaíochta atá tarlaithe in Éirinn le deich mbliana anuas a chur in iúl. Cé go raibh an ceistneoir agus na rialuithe cuóta gan athrú, tá an eispéireas agallaimh le fón póca difriúil ón eispéireas le líne talún. Dá thoradh, is dócha go mbeadh ionadaíocht níos cothroime déanta ar ghrúpaí daonra áirithe atá níos inrochtana trí fhóin phóca ag baint leis as an gcur chuige samplála nua seo.

Toisc na nuashonruithe modheolaíochta sin, chomhairligh TNS mrbi nach raibh sé iomchuí comparáid a dhéanamh idir sonraí roimh Bhealtaine 2008 agus tar éis Bhealtaine 2008. Seo toisc go raibh rannóg den daonra - daoine gur féidir a theagmháil ar fhón póca amháin - nach raibh ionadaíocht déanta orthu i dtorthaí roimhe seo. Cuireann na sonraí atá curtha i láthair thíos, agus atá i bhfoirm ghrafaigh in Aguisín A, an tréimhse ocht mí in iúl dar críoch Nollaig 2008.

### Leitheadúlacht Caithimh Tobac

Léiríonn na sonraí ráta leitheadúlachta foriomlán de 27% don tréimhse ocht mhí dar críoch Nollaig 2008 (+/-1% lamháil earráide, 95% eatramh muiníne). Tagann an toradh seo le suirbhé Slán<sup>1</sup> na Roinne Sláinte agus Leanáí a foilsíodh le linn 2008. Léirigh an suirbhé ráta caithimh tobac foriomlán de 29% do dhaonra na hÉireann in aois 18 bliana d'aois agus os cionn.

Léiríonn torthaí ocht mhí ó rianaire míosúil an TNS mrbí na sonraí a leanas freisin:

- Caitheann 28% d'fhir in aois 15 bliana d'aois agus os cionn i gcomparáid le 26% de mhná;
- Tá na rátaí is airde caithimh tobac i measc na n-aicmí sóisialta C2 (34%) agus DE (32%);
- An aoisghrúpa leis an ráta leitheadúlachta caithimh tobac is airde ná 25-34 bliana d'aois ag 36%;
- Caitheann 30% de dhaoine 15-24 bliana d'aois tobac cé nach gcaitheann ach amháin 13% de dhaoine tobac atá 65 bliana d'aois nó os cionn;
- Tá na rátaí caithimh tobac is airde i mBaile Átha Cliath (29%) agus an ráta is ísle (22%) i gConnachta/Ulaidh;
- Tuairiscíonn 18% de chaiteoirí tobac go gcaitheann siad cúig thoitín nó níos lú in aghaidh an lae;
- Leanann 5 bhanda toitín go forlámhach sa mhargadh.

### Calabrá

I rith 2009, déanfaidh an Oifig calabrá a chomhlíonadh ar shonraí roimh Bhealtaine 2008. Cuirfidh an próiseas calabraithe na sonraí roimh Bhealtaine 2008 ar an mbonn céanna leis na sonraí bailithe ag baint leasa as modheolaíocht nuashonraithe. Ceadóidh calabrá d'anailís threochtaí a bheith curtha i gcrích, leis an 'caveat' nach ndéanann calabrá comparáideacht dhian a athbhunú.

Chun calabrá a dhéanamh, déanfar oiriúnú séasúrach ar na sonraí agus cuirfear na sonraí sé mhí roimh athrú i gcomparáid leis an sonraí sé mhí tar éis an

athraithe le héifeacht athraithe na modheolaíochta a leithlisiú. Ag glacadh leis go bhfuil an difríocht amháin i leitheadúlacht caithimh tobac idir shonraí roimh Bhealtaine agus tar éis Bhealtaine tarlaithe toisc difríocht i bpróifíl déimeagrafaíochta na samplaí, déanfar leitheadúlacht caithimh tobac na sonraí roimh Bhealtaine 2008 a oiriúnú dá réir.

Foilseofar torthaí an chalabraithe trí Oifigí an láithreáin gréasáin [www.otc.ie](http://www.otc.ie) le linn 2009.

### Uirlis Eolais Sheirbhís Altranais Sláinte Phobail FSS

Bíonn an Uirlis Eolais um Shláinte an Daonra (PHIT) in úsáid ag altraí i Seirbhís Altranais Sláinte Phobail FSS. Is córas doiciméid é PHIT a aithníonn riachtanais na gcliant altranais sláinte phobail laistigh de phobail agus a sholáthraíonn fianaise chun sláinte an daonra iomlán a fheabhsú. Cinntiú go bhfuil cliant lárnach san eolas sláinte a bhailítear - gineann sé seo staitisticí teagmhais agus leitheadúlachta a thacaíonn le sláinte an daonra. Sampla de shonraí mar sin ná rátaí leitheadúlachta caithimh tobac i measc foghrúpaí cliant ar leith.

I rith 2008, d'oibrigh an Oifig i gcomhar le FSS chun réiteach oiliúna ar líne a sholáthar don uirlis eolais sláinte nua seo. Déanann an réiteach ar líne rochtain náisiúnta a éascú i measc altraí sláinte phobail agus ceadáíonn sé íoslódáil na ndoiciméad treorach ábhartha.

Chomh maith le tacaíocht airgeadais a sholáthar do tháirgeadh na heiliminte ar líne, rinne an Oifig an próiseas soláthair a bhainistiú freisin do tháirgeadh an réitigh oiliúna.

<sup>1</sup> Sonraigh le do thoil gur úsáideadh modheolaíochtaí suirbhé difriúla i dtaighde Slán.

# Cuspóir 4

Na **buntáistí** a bhaineann le bogadh i dtreo sochaí saor ó thobac a **chur in iúl** go gníomhach

**Ceann de phríomhchuspóirí na hOifige um Rialú Tobac ná eolas a chur ar fáil do thuairimí an phobail agus tacaíocht a bhunú do bhearta um rialú tobac. Léiríonn fianaise go bhfuil ról riachtanach ag srianta timpeallachta agus rialachán cuimsitheach na dtáirgí tobac chun tomhaltas tobac a laghdú - go háirithe do dhaoine óga. Mar sin féin, ní féidir le srianta mar seo a bheith éifeachtach ach amháin nuair a bhíonn na daoine a thagann faoina dtionchar go hiomlán feasach ar an ndualgais, agus nuair a thacaíonn agus a éilíonn an sochaí géilleadh leo go ginearálta.**

Dhírigh an Oifig ar na gníomhaíochtaí cumarsáide seo a leanas le linn 2008:

- Foilsiú agus seoladh na tuarascála *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann* i mí Márta;
- Táirgeadh agus dáileadh na n-acmhainní faisnéise miondíola, a ionchorpraíonn DVD oiliúna, i ndáil leis an reachtaíocht um dhíolacháin tobac le mionaoisigh;
- Feachtas faisnéise náisiúnta, lena n-áirítear fógraíocht raidió agus trádála, a shoiléiríonn freagracht an mhiondíoltóra chun díolacháin tobac faoi aois a chosc;
- Bronnadh dara bonn bliantúil Tom Power;
- Forbairt leanúnach an láithreáin gréasáin [www.otc.ie](http://www.otc.ie);
- Comhoibriú leanúnach leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS agus comhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha eile a thacaíonn le gluaiseacht i dtreo sochaí saor ó thobac.

D'éisigh an Oifig preaseisiúintí freisin, a dhéileáil le raon fiosruithe meán agus a láimhseáil iarratais ghinearálta ar fhaisnéis. Rinneadar foilseacháin agus doiciméid treorach na hOifige a dháileadh agus leanadar leis an bhforbairt ar láithreán gréasáin na hOifige.

### **Feachtas Eolais do Mhiondíoltóirí**

Tar éis foilseacháin na tuarascála taighde, *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann*, agus i gcomhar le dáileadh leanúnach acmhainní faisnéise an mhiondíoltóra, sheol an Oifig feachtas náisiúnta eolais chun freagrachtaí na miondíoltóirí a shonrú lena chinntiú nach ndíoltar táirgí tobac leis daoine faoi bhun 18 bliana d'aois.

Craoladh dhá fhógra raidió 30 soicind ar leith mar chuid den bhfeachtas ar thromlach na stáisiún náisiúnta agus áitiúil. Dhírigh na fógraí ar an ngá le cárta aitheantais a iarraidh ar chustaiméirí óga agus na pionóis fhéideartha má déantar ionchúiseamh faoi Alt 45 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Dhírigh ceann amháin de na fógraí ar mheaisíní díola go sonrach agus an riachtanas atá ann rochtain ar mheaisíní mar seo a theorannú do dhaoine os cionn 18 bliana d'aois.

Mar chuid den bhfeachtas, cuireadh fógraí póstaer in airde go réigiúnach i mboscaí fógraíochta allamuigh i aice le siopaí agus asraonta miondíola eile chomh maith le hasraonta mórdhíola. Foilsíodh fógraí priontáilte i bhfoilseacháin roghnaithe miondíola. Lean an feachtas go deireanach i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2008. Úsáideadh téama coitianta na bhfógraí seo – Let's keep our children smoke-free – i dtús ama le linn feachtais náisiúnta in 2006.

### **Acmhainní Eolais do Mhiondíoltóirí**

Go náisiúnta, d'aimsigh an tuarascáil *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann* go raibh 48% de mhiondíoltóirí toilteanach toifín a dhíol le daoine faoi aois. Mhéadaigh an figiúr seo go dtí 64% in áitribh cheadúnaithe.

Mar fhreagra ar na staitisticí sin, rinne an Oifig acmhainní eolais éagsúla do mhiondíoltóirí a fhoilsiú agus a dháileadh le linn 2008. Foilsithe don chéad uair in 2007, shonraigh na hacmhainní seo freagrachtaí na miondíoltóirí faoi Alt 45 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, gan táirgí tobac a dhíol le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Is iad na hacmhainní, a athdhearadh agus a atheisíodh le linn 2008 ná:

- Comharthaí agus greamáin: Ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, sonraíonn na comharthaí seo an dlí go soiléir agus cuireann siad eolas ar fáil do chustaiméirí go n-iarraí cárta aitheantais orthu lena n-aois a chruthú. Spreagann an Oifig do mhiondíoltóirí tobac ar fad comharthaíocht mar seo a léiriú mar mheabhrúchán do bhaill foirne agus mar chúnaimh leis an dlí a chur in iúl do chustaiméirí;

- Treoir eolais do bhaill foirne: Míníonn an treoir an dlí i ndáil le díolacháin do mhionaoisigh agus freagraítear ceisteanna coitianta. Tá sí ar fáil i mBéarla, Gaeilge, Sínis (Mandairínis) agus Polainnis.

Dáileadh na hacmhainní trí ghrúpaí miondíola agus Oifigigh Sláinte Chomhshaoil. Tá siad ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na hOifige freisin.

### DVD Oilíuna agus Eolais

Chun feasacht a mhéadú ar fhreagracht mhiondíoltóirí i ndáil le táirgí tobac a dhíol le mionaoisigh, agus chun cabhrú le miondíoltóirí oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir leis an gceist, rinne an Oifig um Rialú Tobac DVD oiliúna agus eolais a tháirgeadh agus a dháileadh le linn 2008.

Chun barántúlacht a chinntiú, rinneadh píosaí scannáin don DVD a thairgeadh in áitreabh miondíola. Cuireadh roinnt cásanna rólghlactha i láthair agus sonraítear an riachtanas chun cárta aitheantais a iarraidh ar dhaoine óga a dhéanann iarracht táirgí tobac a cheannach. Leagtar amach an reachtaíocht ábhartha san DVD agus mínítear cén fáth a bhfuil a leithéidí ann. Ar deireadh, scrúdaítear ról na nOifigeach Sláinte Comhshaoil agus úsáid triailcheannaigh leis an reachtaíocht a fhorghníomhú, chomh maith leis na himpleachtaí dlí a bhaineann le táirgí tobac a dhíol le daoine faoi 18 bliana d'aois.

### Caidreamh leis na Meáin

#### Seoladh Tuarascáil Taighde ar an Timpeallacht Mhiondíola

Sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Harney TD an tuarascáil taighde *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann* i gColáiste Ríoga na Lianna ar 27 Márta 2008.

Léirigh torthaí na tuarascála go raibh seans ard ag leanaí toitíní a cheannach trí shiopaí agus áitribh cheadúnaithe. Bhí ceann amháin as dhá mhiondíoltóir siopa agus dhá cheann as trí áitreabh cheadúnaithe toilteanach toitíní a dhíol le leanaí faoi bhun 18 bliana d'aois.

D'aimsigh an tuarascáil freisin go raibh foirm áirithe fógraíochta tobac ar taispeánt i 92% de shiopaí gur tugadh cuairt orthu. Nuair a iarradh ceist faoi thaispeánt tobac sa timpeallacht miondíola, thacaigh 78% de fhreagróirí, lena n-áirítear 80% de chaiteoirí tobac, le cosc iomlán ar fhógraíocht tobac sna siopaí chun cosc a chur le daoine óga caitheamh tobac.

Bhain ábhar na tuarascála clúdach meáin amach sa nuachtán agus raidió go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Chinntigh leibhéal suntasach suime sna meáin go bhfuair dhá mhórchéist aird an phobail go seasta - rochtain faoi aois ar thobac agus fógraíocht tobac i dtimpeallacht miondíola. Bhain agallaimh thairgeadta le hurlabhraí na hOifige le mórán den chlúdach teilifíse agus raidió.

#### Seoladh Tuarascáil Bhliantúil 2007

Fuair an t-ábhar a bhain le Tuarascáil Bhliantúil na hOifige 2007 clúdach forleathan sna meáin i mí Bealtaine. Go háirithe, léirigh an tuarascáil ardleibhéal leanúnacha géilliúlachta le reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac chomh maith leis na leibhéil díolacháin do mhionaoisigh a bhaineann leis an ngníomhaíocht forghníomhaithe.

#### Fiosruithe Preasa

Bhí suim suntasach i mbearta um rialú tobac go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le linn 2008. Dá thoradh, thug an Oifig freagra ar beagnach 100 fiosrú meáin i rith na bliana.

Bhí agallaimh mar thoradh ar líon iarratais agus bhain ionchur díreach ó urlabhraí na hOifige le cinn eile.

### Láithreán Gréasáin

Tá ról tábhachtach ag an láithreán gréasáin [www.otc.ie](http://www.otc.ie) i gclár cumarsáide na hOifige. Déantar cur síos sa láithreán gréasáin ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí príomhúla na hOifige agus déantar scaipeadh an eolais a éascú do raon leathan lucht féachana go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Mar a chuirtear ábhar nua leis an láithreán gréasáin go rialta, tá forbairt agus feabhsú leanúnach ag teastáil le cinntí gur acmhainn tarraingteach agus áisiúil é i gcónaí. I rith 2008, lean an Oifig ag nuashonrú príomhrannóga an láithreáin chun rochtain agus nascleanúint níos éasca a éascú. Bhí rannóg leathnaithe do mhiondíoltóirí tobac san áireamh, ag ionchorprú rochtain ar líne do DVD oiliúna na miondíoltóirí.

### Bonn Tom Power

Thiomnaigh Príomhfheidhmeannach éagtha na hOifige, Tom Power a chuid ama don ualach galair agus báis atá cruthaithe ag tobac go náisiúnta agus go

domhanda a laghdú, agus bhí sé lárnach i reachtaíocht cheannródaíoch na n-ionad oibre saor ó thobac a thabhairt isteach in Éirinn. Mar ómós do thiomantas Tom Power don rialú tobac, agus le spiorad na físe a bhí aige, chuir an Oifig um Rialú Tobac tús le Bonn Tom Power in 2007.

Bronntar an bonn go bliantúil ar dhuine nó grúpa a léirigh tiomantas, ceannaireacht agus fíis chun dul i ngleic leis an eipidéim tobac in Éirinn. Tá an dámhachtain oscailte do bhaill uile an tsochaí lena n-áirítear daoine aonair, gairmithe, lucht léinn, mic léinn, státseirbhísigh, polaiteoirí agus iriseoirí.

In 2008, bronnadh an dara Bonn Tom Power ar Valerie Coghlan Uasal ó ASH Ireland agus ar an bhfoireann FSS scortha den tobac i mBré.

Bhain an tUasal Coghlan an duais dá tiomantas ag tacaíocht do ASH Ireland agus an clár forleathan um rialú tobac in Éirinn le 14 bliana anuas. Bronnadh an dara bonn ar an tUasal Marie Therese Crotty, an tUasal Mary Desmond agus an tUasal Vincent Crotty ó FSS, as ucht cláir iompraíochta atá éasca le tuiscint a bhunú dar teideal *Low Literacy Resources for Smoking Cessation*. dóibh siúd atá ag iarraidh éirí as an tobac.

Bhronn an tUasal Norma Cronin, Cathaoirleach na hOifige, na duaiseanna i mí na Nollag ag lón bronnta speisialta i mBaile Átha Cliath.

## Comhpháirtíocht

Tá cur chuige comhpháirtíochta a chinntiú in iarrachtaí na hÉireann um rialú tobac ina sprioc thábhachtach don Oifig.

I gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe, tá sé riachtanach dlúthnaisc a chothabháil le raon leathan gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí. I rith 2008, d'oibrigh an Oifig go dlúth leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le gnóthú na sprice sin.

Lean an Oifig ag comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí neamhrialtasacha le linn 2008. Tá rannpháirtíocht leanúnach ASH Ireland, Cumann Ailse na hÉireann agus Foras Croí na hÉireann rí-lárnach sa ghluaiseacht i dtreo sochaí saor ó thobac.

## Leanaí, an Óige agus Tobac

Chas an Oifig le hionadaithe ó eagraíochtaí miondíola, polaitíochta, spóirt agus óige freisin le linn 2008. Ba í aidhm na gcruinnithe seo ná treo na bpolasaithe srianta tobac sa todhchaí a phlé maidir le hóige na tíre. Tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta aitheanta le fada mar ghné riachtanach sna cúrsaí seo.

## Comhoibriú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

I rith 2008, bhí foireann na hOifige rannpháirteach i gcruinnithe de ghrúpaí oibre, seimineáir agus comhdhálacha éagsúla ar fhorbairt an pholasaí um rialú tobac. Rinne an Oifig treisiú breise ar an naisc idirnáisiúnta le heagraíochtaí comhlántacha agus leantar lena rannpháirtíocht i dtionscadail chomhoibríochta.

Bhí ionadaithe na hOifige i láthair don chomhdháil A Call to Action – Successful Tobacco Control for the Future i gCardiff i mí Aibreáin. Rinne an chomhdháil seo scrúdú ar an mbealach le rátaí leitheadúlachta caithimh tobac atá laghdaithe go suntasach a bhaint amach agus na hathruithe atá riachtanach lena leithéidí a bhaint amach. Rinne an Príomhfheidhmeannach cur i láthair don chomhdháil ar thorthaí an díolphointe ón dtuarascáil, *Rialú Tobac agus Timpeallacht Mhiondíola na hÉireann*. Rinne sé cur i láthair do lón comhdhálacha eile freisin in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

## Iarratais ar Eolas

Fuair agus d'fhreagair an Oifig 1,000 iarratas ar eolas go neasach le linn 2008. Tá an figiúr seo sa bhreis ar ghearáin ón bpobal a fuarthas tríd an Líne Íosghlao Géilliúlachta Saor ó Thobac. Seoladh na hiarratais ar eolas chun na hOifige tríd an teileafón, facs, ríomhphost agus i litreacha. Tá feidhm ríomhphoist 'teagmháil linn' ar láithreán gréasáin na hOifige freisin agus fuarthas lón suntasach iarratais ar an mbealach seo. Bhí lón fiosruithe a fuarthas ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn agus bainteach le heispéireas na hOifige chun reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac a thabhairt isteach agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.

# Cuspóir 5

**Leanúint ag forbairt éifeachtacht agus chumas na hOifige agus a foirne chun a chinntiú go gcomhlíonann sí a feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil**



**Príomhspríoc don Oifig ná cinntiú go bhfuil córais, acmhainní agus tacaí riachtanacha curtha i bhfeidhm chun cumasú don eagraíocht a gclár um rialú tobac a fhorfheidhmiú. Lena chois sin, cinntíonn éifeachtacht eagraíochtúil agus polasaithe feabhsaithe go bhfuil luach ar airgead á fháil ag an Oifig i ndáil le caiteachas an bhuiséid leithdháilte.**

I rith 2008, baineadh amach dul chun cinn agus éifeachtacht i mórán réimsí. Áirítear leo seo:

- Acmhainní daonna agus oiliúint;
- Airgeadas;
- Rialachas Corparáideach;
- Teicneolaíocht faisnéise;
- Saoráil Faisnéise;
- Soláthar;
- Sláinte agus sábháilteacht.

## **Acmhainní Daonna**

Tá an Oifig tiomanta d'fhorbairt leanúnach na foirne agus dul i ngleic le tionscnaimh a fheabhsóidh taithí oibre na bhfostaithe uile. I rith 2008, cuireadh líon tionscnaimh i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt agus treorú do bhaill foirne cuspóirí na hOifige a bhaint amach.

## **Polasaithe agus Nósanna Imeachta**

Lean an Oifig ag déanamh athbhreithnithe agus nuashonraithe ar a bpolasaithe agus nósanna imeachta acmhainní daonna chun dea-chleachtas a chinntiú - ag coinneáil leis na gealltanais a leagadh amach in *I dTreó 2016*.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach ar nósanna imeachta párolla na hOifige, glacadh cinneadh an próiseas párolla a bheith intí, a thiocfadh i bhfeidhm in Eanáir 2008. Aimsíodh agus ceannaíodh pacáiste bogearraí párolla iomchuí agus cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne ábhartha.

## **Earcaíocht**

I rith 2008, rinneadh líon tionscnaimh earcaíochta a sheachadadh go rathúil, agus tharla athstruchtúrú na hOifige dá thoradh. Go háirithe, áirítear gur socrúcháin straitéiseacha tábhachtacha iad na ceapacháin mar

Stiúrthóir Cumarsáide agus Acmhainní Daonna agus Bainisteoir Tionscadail na Clárlainne Miondíola. Lena chois sin, rinneadh tionscnaimh earcaíochta a sheachadadh sna réimsí acmhainní daonna/gnóthaí corparáideacha agus cumarsáide.

## **Oiliúint**

Chun forbairt leanúnach na mball foirne ar fad a chinntiú, cuireadh líon tionscnaimh oiliúna agus forbartha straitéisí i gcrích in 2008. Áirítear leo seo:

- Soláthar poiblí;
- Bainistíocht tionscadail;
- Airgeadas agus párolla;
- Forbairt polasaithe;
- Scileanna Gaeilge;
- Cumarsáid agus caidreamh poiblí;
- Scileanna bainistíochta glaonna.

## **Airgeadas**

Ceann de príomhdhualgais na rannóige um Ghnóthaí Corparáideacha ná monatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar leithdháileadh buiséid na hOifige agus cinntiú go gcomhlíontar na ceanglais reachtúla i ndáil le cuntasacht agus íocaíocht pras.

D'aimsigh an Oifig leithdháileadh buiséid de €1.834m in 2008. Tá Ráiteas Airgeadais a thugann cuntas ar loncam agus Caiteachas na hOifige don bhliain leagtha amach sa rannóg a leanas den tuarascáil.

Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na feidhme airgeadais a fheabhsú, cuireadh líon córais agus nósanna imeachta nua chun cinn le linn 2008 lena n-áirítear:

- Córas próiseála speansais ar líne a sheoladh;
- Saoráidí baincéireachta ar líne a thabhairt isteach go hiomlán;
- Próiseáil párolla a thabhairt isteach.

## **Cuntais Airgeadais**

De réir Ailt 24 an Achte Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, cuirfidh an oifig cuntais airgeadais faoi bhráid an Ard-

Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 don iniúchadh roimh dheireadh mhí an Mhárta 2009. Nuair a chuirtear an iniúchadh i gcrích, cuirfeadh cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair agus Cuntas Ciste faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí a chuirfidh cóipeanna os comhair Tithe an Oireachtais.

## Rialachas Corparáideach

Chun comhlíonadh leis an dea-chleachtas aitheanta a chinntiú, leanann an Oifig ag forbairt a nósanna imeachta um rialachas corparáideach. I rith 2008, rinneadh an clárann riosca gnó a athbhreithniú agus a nuashonrú in athuair. Is é cuspóir na clárlainne ná a chinntiú go dtógann lucht bainistíochta na heagraíochta bearta iomchuí chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú go héifeachtach, rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, lena bhféadfadh an Oifig a bheith nochta. Tar éis dóibh a bheith ceaptha, chuir baill nua uile an Bhoird oiliúint um rialachas corparáideach i gcrích.

## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá an teicneolaíocht faisnéise (TF) riachtanach d'fheidhmíocht oibriúcháin na heagraíochta. Leanann an Oifig ag feabhsú ar a gcumais TF chun éifeachtacht a bhaint amach agus chun cumasú do bhaill foirne feidhmiú níos éifeachtaí.

Tugadh líon feabhsúcháin isteach le linn 2008 chun riachtanais leanúnacha TF na hOifige a éascú. Chuimsigh sé seo clár criptiúcháin a cheannach do gach ríomhaire glúin chun slándáil faisnéise agus sonraí na hOifige a fheabhsú.

Cuireadh an próiseas soláthair phoiblí i gcrích freisin - chun soláthraí roghnaithe a cheapadh chun tógáil ar an gcóras clárlainne miondíola TF atá riachtanach.

## Saoráil Faisnéise

Dearbhaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003, ceart an phobail chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil chomh fada agus is féidir, ag teacht le leas an phobail agus an ceart in ndáil le príobháideacht na ndaoine aonair. Baineann an tAcht leis an Oifig ó mhí Bealtaine 2006.

I rith 2008, fuair an Oifig trí iarratas um Shaoráil Faisnéise. Bhí iarratas amháin ceadaithe i bpáirt agus tarraingíodh an dá iarratas eile siar. Déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise. Freagraíodh gach iarratas mar is cuí agus rinne Oifigeach agus Cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise iad a bhainistiú de réir Achtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

## Soláthar

Cloíonn an Oifig le nósanna imeachta agus treoirínte iomchuí uile an tsoláthair phoiblí. Tá siad tiomanta dá feidhm soláthair phoiblí a chomhlíonadh go hionraic agus go cóir, ag ar bhealach a shlánaíonn an luach is fearr ar airgead poiblí.

Bhí líon próisis soláthair curtha i gcrích ag an Oifig le linn 2008 i ndáil le riachtanais seirbhíse agus soláthair áirithe lena n-áirítear:

- Córas TF clárlainne miondíola a sholáthar;
- Clár oiliúna triailcheannaigh d'Oifigigh Shláinte Comhshaoil;
- Dearadh grafach agus priontáil;
- Pleanáil meán agus ceannach;
- Caidrimh phoiblí.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Oifig tiomanta do riachtanais reachtaíochta i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chomhlíonadh go hiomlán. De réir forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá coiste sábháilteachta curtha i bhfeidhm agus Oifigeach Sábháilteachta roghnaithe ag baill foirne. Ullmhaíodh ráiteas sábháilteachta agus déantar athbhreithniú leanúnach air.

Tabharfaidh fógra an Aire Wallace go dtabharfar  
feidhm d'fhorálacha breise de chuid na  
nAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) in 2009  
aghaidh go cuimsitheach ar cheist tobac a dhíol  
agus a chur ar taispeáint san ionad miondíola.

# Ráiteas Airgeadais 2008

## Ráiteas Airgeadais 2008 (Neamh-iniúchta)<sup>2</sup>

Is é seo a leanas miondealú ar Ioncam agus Chaiteachas na hOifige in 2008:

### Ioncam


Ioncam ó Dheontais	1,834,000
Ioncam Eile	3,909
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>1,837,909</b>

### Caiteachas

Barrachas/(Easnamh) don tréimhse	1,011
Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2008	43,054
<b>Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2008</b>	<b>44,065</b>

<sup>2</sup> Tá na figiúirí thuas bunaithe ar dhréachtchuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, ag feitheamh ar iniúchadh a dhéanfaidh C&AG

## Príomh-cheannteidil Chaiteachais 2008



# Aguisín A

## Treochtaí maidir le Caitheamh Toitíní amhail 31 Nollaig 2008


Tagraíonn sé seo do chaitheamh tuairiscithe toitíní sa daonra (sampla = 15 bliana d'aois nó níos sine) ar feadh tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008.

### Cairt 1: Leitheadúlacht Caite Tobac

Tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008

Bunaithe ar an gceist:


“An gcaitheann tú toitín amháin nó níos mó in aghaidh na seachtaine?”



Léiríonn Cairt 1 gurb é 27% an leitheadúlacht foriomlán maidir le caitheamh toitíní in Éirinn amhail Nollaig 2008 (+/- 1% lamháil earráide, eastramh muiníne 95%).

### Cairt 2: Caitheamh Toitíní de réir Inscne


Tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008



Léiríonn Cairt 2 miondealú ar na caiteoirí tobac de réir inscne amhail Nollaig 2008.

### Cairt 3: Caitheamh Toitíní de réir Aoisghrúpa


Tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008



Léiríonn Cairt 3 go ndeir 30% de dhaoine idir 15 agus 24 bliana d'aois go gcaitheann siad tobac. Tá an ráta caitimh tobac is airde i measc daoine 25-34 bliana d'aois. Rangaítear 36% díobh mar chaiteoirí tobac.

### Cairt 4: Caitheamh Toitíní de réir Aicme Sóisialach


Tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008



Tá miondealú ar leitheadúlacht caitimh tobac de réir aicmí sóisialta le fáil i gCairt 4. Tá na rátaí caitimh tobac is airde i measc aicmí sóisialta DE agus C2 agus an ráta is ísle i measc feirmeoirí.

### Cairt 5: Caitheamh Toitíní de réir Réigiúin

Tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008




Léiríonn Cairt 5 go bhfuil na rátaí caithimh toitíní is ísle i gConnachta/Ulaidh i gcomparáid le réigiúin eile na tíre.

### Cairt 6: An líon Toitín a Chaitear gach lá

Tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008

Bunaithe ar na caiteoirí tobac go léir a tuairiscíodh



Léiríonn Cairt 6 líon na dtoitíní atá a gcaitheamh in aghaidh an lae ag gach caiteoir tuairiscithe amhail Nollaig 2008.




### Cairt 7: Na 5 Bhranda Toitíní Is Mó Éilimh

Tréimhse 8 mí dar críoch Nollaig 2008

\*Bunaithe ar gach caiteoir tobac a tuairiscíodh

\*\*Is do chéatadán na mbrandaí eile go léir a tuairiscíodh a thagraíonn an chatagóir 'eile'



Léiríonn Cairt 7 an cúig bhranda toitíní is mó a raibh éileamh orthu amhail deireadh mhí na Nollag 2008.

## Gluais

### Leitheadúlacht Caite Tobac:

Tá seo ag tagairt d'úsáid tuairiscithe tobac sa daonra (sampla = 15 bliana agus níos sine).

### Sonraí Ualaithe:

Socraítear rialacháin chuóta ar an sampla (de réir aoise, inscne, aicme shóisialta agus réigiúin) chun a chinntiú go gcuirtear agallamh ar gach grúpa déimeagrafach i gcomhréir lena léiriú sa daonra forleathan. Nuair nach sroichtear cuóta nó nuair a bhaintear níos mó ná an cuóta amach, cuirtear ualú i bhfeidhm chun próifíl dhéimeagrafach deiridh an tsampla a ailíniú le próifíl dhéimeagrafach an daonra fhorleathain.

### Catagóirí na hAicme Shóisialta:

- A** Gairmí, bainisteoirí an-sinsearach i ngnó agus trádáil nó státseirbhísigh ag ard-leibhéal
- B** Feidhmeannaigh Mheánbhainistíochta in eagraíochtaí móra  
Príomhoifigigh i rialtas áitiúil agus státseirbhísigh  
Ardbhainistíocht nó úinéirí gnóthaí beaga, oideachas agus bunaíochtaí seirbhíse
- C1** Bainistíocht Shóisearach, úinéirí bunaíochta beaga agus iad sin go léir nach bhfuil i bpoist neamhláimhe
- C2** Oibrithe láimhe oilte agus oibrithe láimhe a bhfuil freagracht orthu as daoine eile
- D** Oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte go léir
- E** Iad sin go léir atá ag brath ar an stat go fadtéarmach, iad sin atá dífhostaithe ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí
- F** Feirmeoirí nó bainisteoirí feirmes

(Foinse: AIMRO Standard Guide for Social Class)

## Aguisín B

### Foilseacháin na hOifige um Rialú Tobac

Catagóir	Foilseachán
Tuarascálacha Bliantúla	Tuarascáil Bhliantúil 2004 Tuarascáil Bhliantúil 2005 Tuarascáil Bhliantúil 2006 Tuarascáil Bhliantúil 2007
Polasaí um Rialú Tobac	I dTreo Sochaí Saor ó Thobac: achoimre ar thuairisc an Tobacco Free Policy Review Group Ag cur sochaí saor ó thobac chun cinn
Taighde	Polasaithe saor ó thobac - athbhreithniú litríochta agus taighde margaidh ar an tionchar eacnamaíoch ar an earnáil fáilteachais Mná Éireannacha agus tobac: eolas, dearcadh agus creidimh Tuairisc ar an tionchar atá ag toit timpeallachta tobac san ionad oibre ar shláinte Leanaí, an óige agus tobac: iompar, léargais agus dearcadh an phobail Rialú tobac agus timpeallacht mhiondíola na hÉireann
Acmhainn do Mhiondíoltóirí Eolas	Treoir Eolais: Cuidigh linn stop a chur le caitheamh tobac i measc daoine faoi aois (ar fáil i mBéarla, i nGaeilge, i bPolainnis agus i Mandairínis) Póstaer: Is cion é táirgí tobac a dhíol le daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois Póstaer: Cuidigh linn stop a chur le caitheamh tobac i measc daoine faoi aois Póstaer agus Greamán Fuinneoige: Ní Dhíoltar Tobac gan Comhartha Aitheantais DVD Oilíúna: DVD Eolais do Mhiondíoltóirí agus Bhaill Foirne
Toit Réchaite	Tuairisc ar an tionchar atá ag toit timpeallachta tobac san ionad oibre ar shláinte Achoimre ar an tuairisc ar an tionchar atá ag toit timpeallachta tobac san ionad oibre ar shláinte Toit Réchaite: na fíricí
Tuarascálacha: Ionaid Oibre Saor ó Thobac	Ionaid Oibre Saor ó Thobac in Éirinn - Athbhreithniú tar éis bliana Cur i nGníomh Reachtaíocht na nIonad Oibre Saor ó Thobac - Tuairisc ar an dul chun cinn tar éis bliana Cur i nGníomh Reachtaíocht na nIonad Oibre Saor ó Thobac - Tuairisc ar an dul chun cinn tar éis 9 mí Cur i nGníomh Reachtaíocht na nIonad Oibre Saor ó Thobac - Tuairisc ar an dul chun cinn tar éis 6 mhí Cur i nGníomh Reachtaíocht na nIonad Oibre Saor ó Thobac - Tuairisc ar an dul chun cinn tar éis míosa
Treoir: Ionaid Oibre Saor ó Thobac	Treoir d'fhostóirí agus do bhainisteoirí (ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge) Treoir do thrádáil cheadúnaithe na hÉireann (ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge)
Comharthaí agus Póstaer	Comhartha Ná Caitear Tobac (ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge) Póstaer Beáir Saor ó Thobac (ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge)



**An Oifig um Rialú Tobac**

Teach Willow  
Páirc na Mílaoise  
Nás  
Contae Chill Dara  
Éire

R-phost: [info@otc.ie](mailto:info@otc.ie)  
Fón: +353 45 852700  
Fax: +353 45 852799  
Líne ló-ghlao comhlíonta: 1890 333 100

[www.otc.ie](http://www.otc.ie)